AN COIMISIÚN UM ACHOMHAIRC CHÁNACH
TAX APPEALS COMMISSION

# Tuarascáil Bhliantúil 2020

www.taxappeals.ie



# Clár Ábhair


| | |
|---|---|
| Ráiteas an Chathaoirligh | 3 |
| Buaicphointí | 5 |
| Ceannlínte Staidrimh | 6 |
| Freagairt an Choimisúin um Achomhairc Chánach leis an bPaindéim Covid-19 | 10 |
| Bearta an Choimisiúin sular fhill an fhoireann riachtanach ar an oifig ar an 4 Lúnasa 2020 | 11 |
| Bearta breise ó d'fhill an fhoireann ar an oifig | 13 |
| Foireann | 13 |
| Torthaí | 14 |
| Forléargas ar Achomhairc | 17 |
| Achomhairc Reatha | 18 |
| Achomhairc Iarmharacha | 19 |
| Achomhairc Roimh Bhunú | 20 |
| Líon Achomharc a fuarthas in aghaidh na bliana | 21 |
| Achomhairc 'Ar Feitheamh' agus 'Comhdhlúite' | 22 |
| Achomhairc a fuarthas in 2020 | 23 |
| Achomhairc a dúnadh in 2020 | 24 |
| Achomhairc a liostaíodh le haghaidh éisteachta in 2020 | 25 |
| Socruithe a Eisíodh | 27 |
| Comhdhálacha Bainistithe Cásanna in 2020 | 30 |
| Dul chun cinn a Rinneadh ar Achomhairc in 2020 | 32 |
| Achomhairc – Príomhchineálacha Cánach | 33 |
| Ilchineálacha Cánach | 36 |
| Cásanna a Sonraíodh | 37 |
| Bookfinders Ltd v. Na Coimisinéirí Ioncaim | 37 |
| Bunús Reachtúil agus Feidhmeanna an Choimisiúin um Achomhairc Chánach | 39 |
| Uasdátú Reachtúil | 40 |
| Rialachas agus Riarachán Ginearálta | 41 |
| Bainistiú Riosca | 42 |
| Coiste Iniúchta agus Riosca | 42 |
| Iniúchadh Inmheánach | 43 |

| | |
|---|---|
| Ard-Reachtaire Ciste agus Cuntais (ARCC) | 43 |
| Tuarascáil ARCC ar an bPróiseas Achomhairc Chánach | 43 |
| Tuarascálacha Alt 21 | 44 |
| Saoráil Faisnéise | 44 |
| Cosaint Sonraí | 44 |
| Nochtadh faoi Chosaint | 44 |
| Acht um Chomhionannas agus Cearta an Duine | 44 |
| Soláthar | 45 |
| Teicneolaíocht Faisnéise | 45 |
| Seirbhís 'BTS Desktop' | 45 |
| Deachtú Digiteach | 45 |
| Cian-Éisteachtaí | 45 |
| Foirm Fógra um Achomhairc agus RPA | 46 |
| Córas Bainistithe Cásanna | 46 |
| Maoiniú agus Caiteachas | 46 |
| Aguisín – an Eagraíocht | 47 |




# Ráiteas an Chathaoirligh

Darwin a dúirt gurb é an dream is aclaí a mhairfidh, agus gurb é sin an dream is solúbtha nuair a thagann athrú. Táimse thar a bheith sásta a rá nach maireachtáil amháin a rinne an Coimisiún um Achomhairc Chánach, ach gur tháinig sé faoi bhláth.

Léiríonn an staidreamh sa tuarascáil bhliantúil seo, a luaithe agus a chuamar in oiriúint don athrú a tháinig leis an bpaindéim dhomhanda, bhí luas arís faoin obair.

Chun críche na tuarascála seo, cloífidh mé le dearcadh George Bernard Shaw gur comhartha ar dhuine sárchliste go dtéann staidreamh i bhfeidhm air. Léiríonn ár staidreamh an dul chun cinn suntasach agus an t-oiriúnú dearfach i bhfianaise na timpeallachta athraithe. Tá méadú breise agus 50% ar an líon socruithe a rinneadh, ba é €610 milliún an candam a bhí faoi achomharc a socraíodh, ba é €1.531 billiún an candam sna hamhomhairc a bhí sceidealaithe, rinneadh 100 éisteacht a sceidealaíodh go cianda, tugadh faoi bhreis agus 12,000 ríomhphost, iarradh breis agus 1,300 ráiteas cáis, agus bhí laghdú 10% ar an líon deiridh cásanna a bhí idir lámha.

Mar sin, conas a thosaigh an Coimisiún ar an oiriúnú a d'éiligh an phaindéim? Céim shuntasach chun tosaigh ná dul isteach i seirbhís chomhroinnte TF an Rialtais, Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais (OGCIO). Chuir sé sin ar ár gcumas éisteachtaí fíorúla agus measctha a reáchtáil agus bhí tacaíocht iomlán againn dár riachtanais uile TF. Cheannaíomar chomh maith gléasra ilchumarsáide, bogearraí a éascaíonn bearta digiteacha a úsáid, bogearraí aitheanta cainte chun cabhrú le socruithe a dheachtú, agus thugamar isteach teicneolaíocht róbatach chun próiseáil uathoibríoch a dhéanamh ar achomhairc nua.

Cuireadh ball foirne ag obair ar chúnamh TF a thabhairt do gach duine le linn éisteachtaí cianda. Mar shampla, tugadh cúnamh do dhuine 82 bliain d'aois ag déanamh féinionadaíochta ina achomharc cánach óna ríomhaire baile féin, agus do chomhlacht mór ilnáisiúnta a raibh achomhairc ar luach na milliún euro ar siúl acu, ina raibh finnéithe saineolacha airgeadais agus feidhmeannaigh shinsearacha suite go cianda i ndlínsí éagsúla. Ba ionann go díreach an leibhéal seirbhíse agus cúraim a rinneadh i leith an dá chás sin do na hachomharcóirí difriúla.

Chuir mé san áireamh sa tuarascáil bhliantúil seo sampla de na smaointe a bhí ag ár gcustaiméirí óir tá tábhacht faoi leith lena n-aiseolas. Mo bhuíochas le gach dream, beag beann ar mhéid nó ar chúlra, as dul i ngleic leis an athrú agus as cabhrú linn tuilleadh achomharc a éisteacht agus a chur dínn.

An tAire Airgeadais a cheap mise agus thosaigh mé sa phost ar an 1 Iúil 2020. Ní gá a rá gur deacair tosú ar phost nua le linn paindéime domhanda. Bhí na sé mhí seo caite ar an gcuid is dúshlánaí de mo ghairm go dtí seo, ach ba thréimhse an-luachmhar freisin í. Ní mór dom mo bhuíochas a ghabháil leis an Aire Airgeadais as a thacaíocht, go háirithe agus an tréimhse dhúshlánach seo linn, agus lena fhoireann ag an Roinn Airgeadais a bhí lách i gcónaí, measúil ar ár neamhspleáchas agus b'fhurasta dul chucu i rith an ama. Ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil le m'fhoireann féin agus mo chomhchoimisinéirí achomhairc a d'fháiltigh roimh mo cheapachán agus roimh na hoiriúnuithe go fonnmhar dearfach le esprit de corps dochloíte ar feadh an ama. D'oibrigh siad go dúthrachtach nuálach.

Ní fhéadfadh an Coimisiún oiriúnú agus teacht faoi bhláth gan cúnamh Barry Lowry, an Príomh-

Oifigeach Faisnéise agus a fhoireann ag an OGCIO, An Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus a fhoireann, agus Stephen McGovern, Cathaoirleach an Choiste Iniúchta agus Riosca agus a bhaill siúd. Chomh maith leis sin, thug páirtithe leasmhara an Choimisiúin go fonnmhar faoi na prótacail agus na córais nua agus tá moladh le gabháil d'Uachtarán Institiúid Chánach na hÉireann, Sandra Clarke agus a comhairle agus na baill, an Cathaoirleach Niall Cody, a chomhchoimisinéirí agus an fhoireann ag na Coimisinéirí Ioncaim, an Príomh-Oifigeach Biúró, an tArd-Cheannfort Michael Gubbins agus a fhoireann ag an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, na páirtithe agus na baill foirne ar fad sna comhlachtaí dlí, na cleachtóirí cánach, cuntasóirí, comhairleoirí inmheánacha dlí agus abhcóidí ar fud na hÉireann agus i ndlínsí eile, agus pobal na hÉireann, ar a mbímid ag freastal.

*"Darwin a dúirt gurb é an dream is aclaí a mhairfidh, agus gurb é sin an dream is solúbtha nuair a thagann athrú. Táimse thar a bheith sásta a rá nach maireachtáil amháin a rinne an Coimisiún um Achomhairc Chánach, ach gur tháinig sé faoi bhláth"*

**Marie-Claire Maney**
Cathaoirleach



# Buaicphointí 2020

Socruithe a eisíodh

20: 171

19: 111

54%

509 Socruithe a Aontaíodh dar Luach €66m

607 Achomharc Aistarraingte dar Luach €137m

Candam Socruithe a Eisíodh

20: €610m

19: €59m

933%

1,039 Achomharc Faighte

1,392 Achomharc Dúnta

Achomharc ar Láimh

20: 3,021

19: 3,374

10%

Achomharc ar Láimh 31/12/20 seachas iad sin atá 'Ar Feitheamh' nó 'Comhdhlúite'

1,854

Sceidealaithe

20: 229 Éisteacht €1,531m; 187 CBCanna €594m

19: 224 Éisteacht €851m; 39 CBCanna €148m

Nuáil mar Fhreagairt ar Phaindéim Covid-19

33 Cianéisteacht a Sceidealaíodh

144 CBC Cianda a Sceidealaíodh

# Teagmhálacha Poiblí

12,929 Ríomhphost agus Freagraí

1,376 Sonrú Cáis Iarrtha


231 Imlíne Argóna Iarrtha

832 Iarratas ar Eolas Breise

1,677 uairteoir suímh ó 54 tír i mí na Nollag 2020

# Ceannlíne Staidrimh 2020

**1,039**
**Achomharc Faighte**





**1,392**
**Achomhairc Dúnta**

**171**
**Socrú Eisithe, dar Luach**
**€610m**

**101** Socraithe ag 949U dar Luach €1m

**70** Socraithe tar éis Éisteachta dar Luach €609m

## Fáth leis an Dúnadh




## Sceidealaithe

**229**
Éisteacht

**187**
CBC

20

**€1,531m**


**€594m**

**Teicneolaíochtaí Cianda mar Fhreagairt ar Phaindéim Covid-19**

**33** Cianéisteacht Sceidealaithe

**144** CBC Sceidealaithe


## Éisteacht ar Láimh (Laghdú 10% ó 2019)





Achomharc ar Láimh 31/12/20 seachas iad sin atá 'Ar Feitheamh' nó 'Comhdhlúite'
**1,854**

## Treochlaontaí Achomharc sa Choimisiúin ó Bunaíodh é


Achomhairc ar Láimh i ndeireadh bliana 2016-2020 de réir bliana/




Achomhairc ar Láimh i ndeireadh bliana 2016-2020 de réir bliana/catagóra





Candam Achomharc Faighte v Dúnta ó 2016 (€m)




## Suíomh Reatha an Choimisiúin, 3,021 Achomharc Oscailte

### Briseadh Síos ar Achomhairc Oscailte Iomlán 3,021





### Briseadh Síos ar Chandam Achomharc Oscailte Iomlán 3€4,499,991 (€000)




## Forbairtí in 2020


### Achomhairc Faighte vs Dúnta (Briseadh Síos Míosúil)




## Achomairc Dúnta in 2020

### Achomairc Dúnta in 2020 Iomlán 1,392


### Achomhairc Dúnta in 2020 Briseadh Síos ar Chandam Iomlán €820,495




### Fáth ar Dúnadh Achomhairc Iomlán 1,392




### Líon Achomharc Socraithe in 2020 Iomlán 171




Socruithe Eisithe (Iomlán*171 socrú eisithe a bhain le 191 achomharc

# Freagairt do Covid 19



# Freagairt an Choimisiúin um Achomhairc Chánach don phaindéim Covid-19

I ngeall ar na moltaí ón Rialtas faoin bpaindéim dhomhanda Covid-19, thosaigh an Coimisiún um Achomhairc Chánach ("an Coimisiún") ag cianobair ón 12 Márta 2020. I dtús na srianta náisiúnta, cuireadh 50 éisteacht ar athló a bhí sceidealaithe do na míonna le teacht in 2020.

Tugann an Coimisiún seirbhís riachtanach phoiblí agus a luaithe agus a bhí sé indéanta éisteachtaí a reáchtáil, rinneadh amhlaidh. I bhfianaise na paindéime Covid-19, sa chaoi go mbeadh 'rochtain ar an gcóir' ag daoine, glacadh leis gur chuí go rachadh an Coimisiún i mbun a chuid seirbhísí arís oiread agus ab fhéidir leis. D'iarr an Coimisiún cothromaíocht a bhaint amach idir an tseirbhís thábhachtach phoiblí a chuireann sé ar fáil, agus sláinte agus sábháilteacht an phobail agus na foirne.

> *"Ba mhór ag mo chuid cliant na scáileáin bheith sa seomra féin chomh maith le fáil éasca bheith ar áiseanna físe cianda. Ní gan dua a leanadh de na héisteachtaí fisiciúla ina raibh fianaise ó bhéal á tabhairt, agus daoine a bhí páirteach sna himeachtaí sin a choinneáil slán sábháilte. Maith sibh, agus go raibh maith agaibh as na hiarrachtaí ar fad a rinne sibh ón taobh sin de."*
> (Cathaoirleach, Comhlacht Cuntasóireachta Éireannach)

Cathaoirleach nua ar an 1 Iúil 2020 agus iarradh ar Ghrúpa um Fhilleadh ar Obair srianta agus rialuithe a chur i bhfearas don fhoireann riachtanach nach raibh i gcatagóir ardriosca FSS, le go bhféadfaidís filleadh ar an oifig, lena chinntiú go n-athósclófaí ár n-oifig agus go mbeadh éisteachtaí ann arís go sábháilte. Tar éis moltaí an Ghrúpa um Fhilleadh ar Obair a fheidhmiú, osclaíodh an Coimisiún arís le haghaidh éisteachtaí ar an 4 Lúnasa 2020. Anuas air sin, chun éascaíocht a dhéanamh don obair phraiticiúil ceannaíodh trealamh TF, lenar áiríodh aonaid bhreise ilchumarsáide. Cuireadh oiliúint ar fhoireann a díríodh ar chianéisteachtaí a éascú.

Cuireadh oiliúint ar na Coimisinéirí ar fad maidir le cianéisteachtaí a reáchtáil agus ceannaíodh bogearraí TF chun éascaíocht a dhéanamh don cháipéisíocht dhigitithe. Chomh maith leis sin, rinneadh conradh le soláthróir an Rialtais maidir le próiseáil róbatach uathoibríoch, le go bhfaighfí cabhair le foirm nua fógartha achomhairc a tháirgeadh, agus le huathphróiseáil na n-achomharc a fuarthas, le nuashonrú a dhéanamh ar ár mbonneagar TF agus nuáil don am atá romhainn.

## Beartais a rinne an Coimisiún sular fhill an fhoireann riachtanach ar an oifig ón 4 Lúnasa 2020

- Cuireadh stáisiúin díghalraithe agus tástáil teochta i bhfearas ag an bpríomhoifig fáilte agus ar urlár na hoifige féin.
- Tá díghalrú á dhéanamh ar gach post agus aon ní seachadta, sula ndéantar a dháileadh ar fud an tí.
- Tá dífhabhtú 4 huaire sa lá á dhéanamh ar gach cuid den teach ar faoin tiarna talún é a chothabháil.
- Sainaithníodh bealaí isteach agus amach as an bhfoirgneamh nach mór do gach duine san fhoirgneamh cloí leo.
- Rinneadh cothabháil agus athbhreithniú rialta ar gach dabhach uisce agus gach aonad aerchóirithe.
- Cuireadh triomadóirí láimhe sna leithris as feidhm.
- Socraíodh prótacail le haghaidh cuairteoirí



ar éisteachtaí fisiciúla agus foilsíodh sin ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.

- Aon duine a fhreastalaíonn ar an oifig, cuirtear na prótacail Covid-19 chucu de ríomhphost roimhré, agus déanann an fhoireann monatóireacht ar a bhfeidhmiú le linn an lae.

*"Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leat féin, leis na Coimisinéirí ar fad agus leis an bhfoireann as an iarracht mhór atá deánta agaibh oiriúnú a dhéanamh ar bhur seomraí éisteachta le go bhféadfaí éisteachtaí a reáchtáil arís. Is mór againn uile ag an mbarra é."* (Ard-Abhcóide)

- Only individuals that have notified the Commission in advance are allowed to enter its offices.
- Níl cead ag aon duine isteach in oifig an Choimisiúin murar cuireadh scéala roimhré.
- Rinneadh measúnuithe riosca maidir leis an bhfoirgneamh, leis an bhforhalla, seomra comhad/cóipeála, seomraí comhairliúcháin agus éisteachta, leithris agus oifigí aonair. Cinntíodh gur riosca íseal Covid-19 a bheadh ann gach áit.
- Rinneadh socruithe sna seomraí éisteachta agus comhairliúcháin don scaradh sóisialta 2 mhéadar.
- Ceannaíodh agus dáileadh dóthain díghalrán láimhe, ciarsúr agus lámhainní indiúscartha, díghalrán balla, sainmhurláin dorais agus comharthaíocht chuí.
- Aithníodh an fhoireann a ceapadh a bheith ar ardriosca agus rinneadh socruithe dóibh chun obair a dhéanamh ón mbaile.
- Níor fhill ach an fhoireann riachtanach, gan an uile dhuine istigh san am céanna, agus ón Nollaig 2020, is seachtain in aghaidh gach cúig seachtaine a d'fhreastail











an fhoireann riachtanach ar an obair, ó tosaíodh ar na srianta Leibhéal 5 in Éirinn.

- Fuair gach ball foirne ríomhphost mionsonraithe a leag amach cén dualgas a bhí ar gach duine maidir leis an bhfreagairt do Covid-19.
- Gach uile bhall foirne a d'fhill ar an oifig, bhí air foirm FSS maidir le Filleadh ar an Obair a chomhlánú 3 lá sular fhill.
- Tá Clár Tinrimh Laethúil ann a choinníonn taifead ar gach ball foirne agus cuairteoir a bhíonn san oifig aon lá, de réir threoirlínte FSS.
- Cruthaíodh prótacal chun plé le ball foirne ar bith a dtiocfadh siomptóim Covid-19 air le linn na hoibre.

## Beartais bhreise ó d'fhill an fhoireann ar an oifig

- Ceannaíodh scáileáin peirspéacs don fhoireann san oifig oscailte, ar mhaithe le breis sábháilteachta.
- Rinneadh Plean Teacht Aniar agus Téarnaimh 2020-2021 don Choimisiún, chun seirbhís leasaithe a chur ar fáil don phobal.
- Rinneadh scáileáin peirspéacs a shuiteáil fosta sna trí sheomra éisteachta chun slánú breise a thabhairt do Choimisinéirí Achomhairc agus don phobal agus iad i láthair éisteachta go fisiciúil.

## Foireann

Tá 34 ball foirne anois ag an gCoimisiún; Cathaoirleach, 2 Choimisinéir Achomhairc lánaimseartha, 4 Choimisinéir Achomhairc Pháirtaimseartha agus 27 d'fhoireann riaracháin chun tacú leis na Coimisinéirí Achomhairc ina gcuid oibre. Mí na Nollag 2020, bhí timpeall 20% - 25% den fhoireann riachtanach ag freastal ar an oifig ar bhonn uainchláir, agus an chuid eile den fhoireann ag obair ón mbaile.

*"Ba mhaith liom mo mholadh a chur in iúl duit féin agus don Choimisiún as foirgneamh nua-aimseartha a reáchtáil, lena n-áirítear an réamhchúram agus an prótacal ceart ó thaobh Covid de. Is iontach a oibríonn na scáileáin phlaisteacha agus an nasc físe atá suiteáilte agaibh, agus is éifeachtach an chaoi a leantar de na héisteachtaí sa chaoi nach mbíonn a thuilleadh moille ann. Dar liom go raibh mé slán sábháilte san fhoirgneamh."* (Ceann Dlí, Comhlacht Éireannach)

# Torthaí

# Torthaí

An cuspóir atá leis an gCoimisiún ná a chuid oibleagáidí a chomhlíonadh faoin Acht Airgeadais (Achomhairc Chánach) 2015 agus faoin Acht Comhdhlúite Cánach 1997 ("TCA 1997"), agus a chinntiú dá réir gur féidir le gach cáiníocóir a gceart ar achomharc a lorg, nuair is oiriúnach, ó chomhlacht neamhspleách, ar chinntí agus ar mheasúnuithe a rinne na Coimisinéirí Ioncaim agus an Biúró um Shócmhainní Coiriúla.

Tugann na torthaí agus na gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí seo a leanas eolas faoi fheidhmíocht chun tacú leis an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar na torthaí agus an mhaith a tháinig ón gcistiú poiblí.

| Táscaire | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | Sprioc Aschur 2021 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Achomhairc Chánach a Phróiseáil** | | | | | |
| Líon Achomharc a dúnadh | 689 | 1,439 | 1,579 | 1,392 | 1,500 |
| Líon socruithe a Eisíodh* | 34 | 42 | 111 | 171 | 150 |
| Líon Achomharc ar láimh i ndeireadh na bliana** | 3,209 | 3,459 | 3,374 | 3,021 | 3,000 |
| Líon Éisteachtaí a Sceidealaíodh*** | 65 | 167 | 224 | 229 | 250 |
| Candam na nAchomharc ar Láimh**** | €2bn | €4bn | €3.7bn | €4.5bn | €3.45bn |
| **Acmhainn na hEagraíochta** | | | | | |
| Líon Foirne an Choimisiúin | 12.5 | 19 | 31.5 | 33.5 | 34.5 |

* Rinneadh socrú amháin in 2019 a bhain le 32 achomharc aonair. Tá méadú suntasach ar an líon socruithe tar éis 2019 óir tá Cathaoirleach agus triúr Coimisinéirí Achomhairc ceaptha don Choimisiún ó shin.

** Is é 3,000 an líon measta achomharc atá ar láimh i ndeireadh 2021 ach is féidir go mbeidh méadú suntasach air sin sa chás go dtiocfaidh achomhairc chun tosaigh a bhaineann leis an bpaindéim Covid-19 agus íocaíochtaí a bhaineann leis sin.

*** I ngeall ar an bpaindéim Covid-19, ní raibh an Coimisiún ábalta éisteachtaí a dhéanamh ar feadh chóir a bheith cúig mhí, ach nuair a ceannaíodh an teicneolaíocht nua, tosaíodh ar na héisteachtaí arís i Lúnasa 2020, agus sceidealaíodh 229 éisteacht in 2020. Sceidealaíodh 33 éisteacht go cianda.

**** Is deacair figiúr fíor don chandam a thabhairt, ós rud é gur féidir go mbeidh athrú ar an gcandam faoi achomharc tar éis na gairme ar achomharc (i.e. sa chás go socraítear nó go n-aistarraingítear gné den achomharc), i gcásanna nach mbeidh na páirtithe ar aon intinn maidir le sainfhigiúr candaim na cánach atá faoi dhíospóid, nó sa chás nach féidir ríomh a dhéanamh ar luach airgeadais achomhairc (m.sh. in achomhairc ina bhfuil an ráta cánach faoi dhíospóid nó sa chás inar ionann an candam faoi dhíospóid agus diúltú ar fhaoiseamh caillteanais nó in achomhairc maidir le diúltú Teastas Imréitigh Chánach).

Fuarthas sé cinn d'achomhairc sa dá sheachtain dheireanacha de Nollaig 2020 agus bhí achomharc amhin a fuarthas i mí Iúil 2020 agus ba gheall le timpeall €1.1 billiún an tsuim a bhí i gceist iontu. Sa chás go bhfágfaí na hachomhairc as áireamh na suime don bhliain, ba €3.4 billiún figiúr an chandaim a bheadh sna hachomhairc ar láimh ar an 31 Nollaig 2020.

**Nóta 1:** Tá roinnt táblaí san áireamh ar na leathanaigh a leanas a thaispeánann an 'candam faoi dhíospóid' do na hachomhairc a fuair an Coimisiún. Ba chóir go mbreathnófaí ar an bhfigiúr candaim seo mar mheastachán, ar an mbunús seo a leanas:

- is féidir go mbeidh athrú ar an gcandam faoi achomharc tar éis na gairme ar achomharc (i.e. sa chás go socraítear nó go n-aistarraingítear gné den achomharc)
- níl na páirtithe ar aon intinn faoin líon cruinn candaim chánach atá faoi dhíospóid, nó
- ní féidir ríomh a dhéanamh ar luach airgeadais achomhairc (m.sh. in achomhairc ina bhfuil an ráta cánach faoi dhíospóid nó sa chás inar ionann an candam faoi dhíospóid agus diúltú ar fhaoiseamh caillteanais nó in achomhairc maidir le diúltú Teastas Imréitigh Chánach).

**Nóta 2:** Is tábhachtach a thabhairt do d'aire go mbíonn staidreamh faoi achomhairc ag síorathrú agus go bhfuil uasdátuithe ag dul i bhfeidhm orthu ar bhonn laethúil de réir mar a fhaightear comhfhreagras agus fógraí. Faoi R1 den bhliain 2021, tugann an tuarascáil seo imlíne chomh cruinn agus is féidir den staidreamh maidir leis an mbliain féilire, 2020.

## Comhthéacs agus Táscairí Tionchair:

| Indicator | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| Cuspóireacht agus cinnteacht a chur ar fáil d'achomharcóirí agus do Fhreagróirí faoi dhíospóidí cánach – (Méadrach: Líon Achomharc a Dúnadh) | 689 | 1,439 | 1,579 | 1,392 |
| Cinnteacht a chur ar fáil don státchiste agus don PAC maidir leis an gcandam cánach atá dlite – (Méadrach: Candam cánach a bhí i gceist le hAchomhairc a Dúnadh) * | €239m | €569m | €664m | €820m |
| Soiléiriú a chur ar fáil faoi léirmhíniú Dhlí Cánach na hÉireann agus cabhrú maidir lena dhéanamh níos caolchúisí agus níos éifeachtaí – (Méadrach: An Líon Socruithe a Eisíodh) ** | 34 | 42 | 111 | 171 |
| Líon Éisteachtaí a Sceidealaíodh*** | 65 | 167 | 224 | 229 |

* Is deacair figiúr fíor don chandam a thabhairt, ós rud é gur féidir go mbeadh athrú ar an gcandam faoi achomharc tar éis na gairme ar achomharc (i.e. sa chás go socraítear nó go n-aistarraingítear gné den achomharc), i gcásanna nach mbeidh na páirtithe ar aon intinn maidir le sainfhigiúr candaim na cánach atá faoi dhíospóid, nó sa chás nach féidir ríomh a dhéanamh ar luach airgeadais achomhairc (m.sh. in achomhairc ina bhfuil an ráta cánach faoi dhíospóid nó sa chás inarn ionann an candam faoi dhíospóid agus diúltú ar fhaoiseamh caillteanais nó in achomhairc maidir le diúltú Teastas Imréitigh Chánach).

** Rinneadh socrú amháin in 2019 a bhain le 32 achomharc aonair. Tá méadú suntasach ar an líon socruithe tar éis 2019 óir tá Cathaoirleach agus triúr Coimisinéirí Achomhairc ceaptha don Choimisiún ó shin.

*** I ngeall ar an bpaindéim Covid-19, ní raibh an Coimisiún ábalta éisteachtaí a dhéanamh ar feadh beagnach cúig mhí, ach nuair a ceannaíodh an teicneolaíocht nua, tosaíodh ar na héisteachtaí arís i Lúnasa 2020, agus sceidealaíodh 229 éisteacht in 2020. Sceidealaíodh 33 éisteacht go cianda.

# Forléargas ar Achomhairc

**Bunaíodh an Coimisiún ar an 21 Márta 2016. Bhí córas ann chun cur síos ar achomhairc d'áirigh achomhairc a bhí ar láimh sular bunaíodh an Coimisiún ('achomhairc roimh bhunú'), achomhairc a tháinig ann tar éis bhunú an Choimisiúin ('achomhairc reatha') agus sean-achomhairc a aistríodh ó na Coimisinéirí Ioncaim ('achomhairc iarmharacha'). Tá cur síos de réir an chórais sin ar na grúpaí achomhairc.**

# Forléargas ar Achomhairc

## Achomhairc Reatha

Chun críche na tuarascála seo, is ionann "achomhairc reatha" agus iad siúd a fuarthas ar an 1 Eanáir 2016 nó ina dhiaidh.

Déantar achomhairc reatha a ghlacadh, a phróiseáil agus a shocrú de réir fhorálacha Chuid 40A den TCA 1997. Le linn 2020, lean an Coimisiún den mhonatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na gcomhad achomharc reatha agus rinne cinntí (agus nuair ba chuí, thug treoracha) i ndáil le Comhdhálacha Bainistithe Cásanna (CBCanna) a reáchtáil, a d'iarr breis eolais agus/nó ráitis cáis agus/nó Imlínte Cáis. Nuair ab fhéidir é, rinneadh achomhairc a liostú don éisteacht.

Leagann an tábla seo amach an forléargas ar an dul chun cinn a rinneadh in 2020 maidir le hachomhairc reatha:

| Forléargas ar Achomhairc Reatha in 2020* | | |
|---|---|---|
| | **Líon Achomharc** | **Candam €** |
| Bunlíon Achomharc a Fuarthas in 2016 | 901 | 331m |
| Bunlíon Achomharc a Fuarthas in 2017 | 1,747 | 848m |
| Bunlíon Achomharc a Fuarthas in 2018 | 1,689 | 2,532m |
| Bunlíon Achomharc a Fuarthas in 2019 | 1,494 | 379m |
| Bunlíon Achomharc a Fuarthas 2016 go 2019 | 5,831 | 4,090m |
| Iarmhéid Oscailte - 1 Eanáir 2020 | 2,751 | 3,375m |
| Líon Achomharc a Fuarthas in 2020 | 1,039 | 1,554m |
| Líon Achomharc a Dúnadh in 2020 | (1,214) | (761m) |
| **Iarmhéid Dhúnta - 31 Nollaig 2020** | **2,576** | **4,168m** |
| **Éisteachtaí** | | |
| Líon éisteachtaí a sceidealaíodh | 155 | 1,263m |
| Aistarraingíodh/Socraíodh roimh an éisteacht | (18) | (3m) |
| Cuireadh ar athló roimh éisteacht | (79) | (76m) |
| **Comhdhálacha Bainistithe Cásanna (CBCanna)** | | |
| Líon CBCanna a sceidealaíodh (a bhain le 146 achomharc aonair) | 67 | 438m |
| Aistarraingíodh/Socraíodh roimh an éisteacht | (4) | (0.03m) |
| Curtha ar athló ag ceachtar den dá pháirtí | (25) | (412m) |
| **Socruithe** | | |
| Líon Socruithe a Eisíodh in 2020 | 148 | 593m |

* Rinne an tARCC athbhreithniú in 2020 ar gach achomharc a osclaíodh agus a dúnadh ar an gCóras Bainistithe Cásanna ón 21 Márta 2016. Rinneadh athbhreithniú aonair ar gach uile achomharc. Rinneadh anailís ar aon mhíréir nó aon dúbailt agus leasaíodh iad dá réir, rud is cúis le difear beag idir na figiúirí thuas agus an Tuarascáil Bhliantúil 2019.

Tá san áireamh san fhigiúr dúnta, i ndeireadh 2020, 662 achomharc 'Ar Feitheamh' a bhfuil luach €1,996m leo agus 229 achomharc a bhfuil an stádas 'Comhdhlúite' nó 'Cumaiscthe', ar €532m a suim. Dá leasófaí na figiúirí deireadh bliana chun macalla a dhéanamh air seo, bheadh laghdú go 1,685 ar an líon deiridh bliana d'achomhairc is féidir leis an gCoimisiún a chur chun cinn go gníomhach le linn bliana, agus candam timpeall €1,685m i gceist iontu.

## Achomhairc Iarmharacha

Is sean-achomhairc iad achomhairc iarmharacha a cuireadh díreach faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim sular bunaíodh an Coimisiún. Sa dara leath de 2016, aistríodh 2,758 achomharc chuig an gCoimisiún de réir Chuid 40A de TCA 1997. Tar éis athbhreithniú mion a dhéanamh ar na comhaid, cuireadh 1,600 de na comhaid i ngrúpa le hachomhairc bhainteacha nó le hachomhairc cheannródaíocha. I bhfianaise an athbhreithnithe seo, tháinig laghdú ar an líon achomhairc aonair ó 2,758 go 1,158.

Tugann an tábla a leanas forléargas ar an dul chun cinn a rinneadh in 2020 maidir le hachomhairc iarmharacha:

| Forléargas ar Achomhairc Iarmharacha 2020* | | |
|---|---|---|
| | **Líon Achomharc** | **Candam €** |
| Bunlíon Iomlán Achomharc a Fuarthas | 1,158 | 798m |
| Iarmhéid oscailte - 1 Eanáir 2020 | 525 | 237m |
| Líon Achomharc a Dúnadh in 2020 | (153) | (52m) |
| **Iarmhéid Dhúnta - 31 Nollaig 2020** | **372** | **185m** |
| **Éisteachtaí** | | |
| Líon éisteachtaí a sceidealaíodh | 52 | 234m |
| Aistarraingíodh/Socraíodh roimh éisteacht | (4) | (190m) |
| Curtha ar athló roimh éisteacht | (37) | (31m) |
| **Comhdhálacha Bainistithe Cásanna (CBCanna)** | | |
| Líon CBCanna a sceidealaíodh (a bhain le 113 achomharc aonair) | 77 | 125m |
| Aistarraingíodh/Socraíodh roimh éisteacht | (5) | (1.84m) |
| Curtha ar athló roimh éisteacht ag ceachtar den dá pháirtí | (26) | (17m) |
| **Socruithe** | | |
| Líon Socruithe a Eisíodh in 2020 | 11 | 11m |

* Rinne an tARCC athbhreithniú in 2020 ar gach achomharc a osclaíodh agus a dúnadh ar an gCóras Bainistithe Cásanna ón 21 Márta 2016. Rinneadh athbhreithniú aonair ar gach uile achomharc. Rinneadh anailís ar aon mhíréir nó aon dúbailt agus leasaíodh iad dá réir, rud is cúis le difear beag idir na figiúirí thuas agus an Tuarascáil Bhliantúil 2019.

Tá timpeall 264 de na hachomhairc thuas curtha céim shuntasach chun cinn.

## Achomhairc Roimh Bhunú

Is ionann Achomhairc Roimh Bhunú agus achomhairc a bhí ar láimh in Oifig na gCoimisinéirí um Achomhairc sular bunaíodh an Coimisiún in 2016.

Tugann an tábla a leanas forléargas ar an dul chun cinn a rinneadh in 2020 maidir le hAchomhairc Roimh Bhunú:

| Forléargas ar Achomhairc Roimh Bhunú in 2020* | | |
|---|---|---|
| | **Líon Achomharc** | **Candam €** |
| Bunlíon Iomlán Achomharc a Fuarthas | 298 | 361m |
| Iarmhéid oscailte - 1 Eanáir 2020 | 98 | 154m |
| Líon Achomharc a Dúnadh in 2020 | (25) | (7m) |
| **Iarmhéid Dhúnta - 31 Nollaig 2020** | **73** | **147m** |
| **Éisteachtaí** | | |
| Líon éisteachtaí a sceidealaíodh | 22 | 34m |
| Curtha ar athló roimh éisteacht | (14) | (33m) |
| **Comhdhálacha Bainistithe Cásanna (CBCanna)** | | |
| Líon CBCanna a sceidealaíodh (a bhain le 54 achomharc aonair) | 43 | 31m |
| Aistarraingíodh/Socraíodh roimh éisteacht | (1) | (0.05m) |
| Curtha ar athló roimh éisteacht ag ceachtar den dá pháirtí | (19) | (27m) |
| **Socruithe** | | |
| Líon Socruithe a Eisíodh in 2020 | 12 | 6m |

* Rinne an tARCC athbhreithniú in 2020 ar gach achomharc a osclaíodh agus a dúnadh ar an gCóras Bainistithe Cásanna ón 21 Márta 2016. Rinneadh athbhreithniú aonair ar gach uile achomharc. Rinneadh anailís ar aon mhíréir nó aon dúbailt agus leasaíodh iad dá réir, rud is cúis le difear beag idir na figiúirí thuas agus Tuarascáil Bhliantúil 2019.

Tá timpeall 12 de na hachomhairc thuas curtha céim shuntasach chun cinn.

## Líon Achomharc a Fuarthas in aghaidh na Bliana

Tugann an tábla a leanas breac-chuntas ar an líon achomharc a fuarthas agus a dúnadh ó bunaíodh an Coimisiún in 2016:

| | Iomlán | Iarmh-arach | Roimh Bhunú | Reatha | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 |
| **2016** | | | | | | | | |
| Achomhairc a fuarthas in 2016* | 2,357 | 1,158 | 298 | 901 | | | | |
| Dúnadh in 2016 | (206) | (1) | (9) | (196) | | | | |
| **Iarmhéid (31/12/16)**** | **2,151** | **1,157** | **289** | **705** | | | | |
| **2017** | | | | | | | | |
| Achomhairc a fuarthas in 2017 | 1,747 | | | | 1,747 | | | |
| Dúnadh in 2017 | (689) | (175) | (32) | (223) | (259) | | | |
| **Iarmhéid (31/12/17)**** | **3,209** | **982** | **257** | **482** | **1,488** | | | |
| **2018** | | | | | | | | |
| Achomhairc a fuarthas in 2018 | 1,689 | | | | | 1,689 | | |
| Dúnadh in 2018 | (1,439) | (252) | (85) | (204) | (407) | (491) | | |
| **Iarmhéid (31/12/18)**** | **3,459** | **730** | **172** | **278** | **1,081** | **1,198** | | |
| **2019** | | | | | | | | |
| Achomhairc a fuarthas in 2019 | 1,494 | | | | | | 1,494 | |
| Dúnadh in 2019 | (1,579) | (205) | (74) | (86) | (203) | (356) | (655) | |
| **Iarmhéid (31/12/19)** | **3,374** | **525** | **98** | **192** | **878** | **842** | **839** | |
| **2020** | | | | | | | | |
| Achomhairc a fuarthas in 2020 | 1,039 | | | | | | | 1,039 |
| Dúnadh in 2020 | (1,392) | (153) | (25) | (66) | (182) | (201) | (369) | (396) |
| **Iarmhéid (31/12/20)** | **3,021** | **372** | **73** | **126** | **696** | **641** | **470** | **643** |
| **Achoimre** | | | | | | | | |
| Achomhairc a fuarthas | 8,326 | 1,158 | 298 | 901 | 1,747 | 1,689 | 1,494 | 1,039 |
| Achomhairc a dúnadh | (5,305) | (786) | (225) | (775) | | | | (396) |
| **Iarmhéid (31/12/20)** | **3,021** | **372** | **73** | **126** | **696** | **641** | **470** | **643** |

* I ngeall ar an athbhreithniú ar chomhaid iarmharacha a rinne an Coimisiún in 2017, laghdaigh an Coimisiún an bunlíon achomharc iarmharach a fuarthas ó 2,758 go 1,158 trí bhlianta cánach measúnuithe a bhain leis na hachomharcóirí céanna a chur i ngrúpa, agus trí shaincheisteanna bainteacha a chur i ngrúpa.

I gcuid mhór cásanna, iarrfaidh an t-achomharcóir céanna achomharc faoin tsaincheist chéanna thar níos mó ná aon bhliain measúnaithe amháin, agus sna cásanna sin, cuirtear na hachomhairc seo i ngrúpa mar aon achomharc amháin. In achomhairc ina ndearna cáiníocóir achomharc leis na Coimisinéirí Ioncaim sular bunaíodh an Coimisiún ('achomharc iarmharach') agus ina ndearna siad achomharc faoi bhliain mheasúnaithe tar éis bunaithe, is féidir grúpa amháin a dhéanamh de na hachomhairc seo. Chun críche an riaracháin, cuirtear achomhairc i ngrúpa más cuí, ach mar sin féin ní oiriúnach grúpa a dhéanamh de gach achomharc bainteach.

** Rinne an tARCC athbhreithniú in 2020 ar gach achomharc a osclaíodh agus a dúnadh ar an gCóras Bainistithe Cásanna ón 21 Márta 2016. Rinneadh athbhreithniú aonair ar gach uile achomharc. Rinneadh anailís ar aon mhíréir nó aon dúbailt agus leasaíodh iad dá réir, rud is cúis le difear beag idir na figiúirí thuas agus Tuarascáil Bhliantúil 2019.

- Bhí, nó tá breis agus 40% de na hachomhairc (oscailte agus dúnta) in 2020 faoi bhainistiú gníomhaire don achomharcóir.
- Tá timpeall 39% de na hachomhairc a bhfuil níos mó ná bliain amháin measúnaithe cánach nó aon tréimhse mheasúnaithe amháin faoi dhíospóid iontu.
- Tá 650 achomharc ar láimh faoi láthair atá sainaitheanta mar chuid de ghrúpaí achomhairc, i gcás go bhfuil saincheist(eanna) faoi achomharc atá comhchosúil.

## Achomhairc 'Ar Feitheamh' agus 'Comhdhlúite'

Tá stádas reatha 'Ar Feitheamh' ag achomhairc ar chúiseanna éagsúla m.sh. tá socruithe Árd-Chúirte le teacht, tá toradh ag teacht ar achomharc 'ceannródaíoch' nó tá páirtithe i gceist a bhfuil am ag teastáil uathu le haghaidh comhphlé a dhéanamh faoi shocrú. Tá achomhairc eile ann a bhfuil stádas 'Comhdhlúite' nó 'Cumaiscthe' acu ar achomhairc iad a bhaineann le hachomharcóir amháin agus a bhfuil saincheist chomhchosúil iontu, sa chaoi gur féidir leis an gCoimisiún na hachomhairc ar fad a chur chun cinn amhail is gur aon achomharc amháin an t-iomlán acu.

I bhfianaise an mhéid seo thuas, tá 928 achomharc 'Ar Feitheamh' arb é €2,061m a suim agus 239 achomharc a bhfuil stádas 'Comhdhlúite' nó 'Cumaiscthe' acu arb é €541m a suim. Dá ndéanfaí na figiúirí iomlána deireadh bliana a leasú mar mhacalla air seo, bheadh laghdú go 1,854 ar an líon deireadh bliana a bheadh an Coimisiún ábalta a chur chun cinn go gníomhach, agus candam timpeall €1.9 billiún i gceist.

Tugann an tábla a leanas breac-chuntas ar an líon reatha achomharc a éilíonn go gcuirfí chun cinn iad, faoin 31 Nollaig 2020:

| | Iomlán | Iarmh-arach | Roimh Bhunú | Reatha | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 |
| **Iarmhéid (31/12/20)** | **3,021** | **372** | **73** | **126** | **696** | **641** | **470** | **643** |
| Achomhairc 'Ar Feitheamh' | (928) | (255) | (11) | (13) | (378) | (224) | (43) | (4) |
| Achomhairc 'Comhdhlúite / Cumaiscthe' | (239) | (9) | (1) | (6) | (18) | (107) | (62) | (36) |
| **Iarmhéid Leasaithe** | **1,854** | **108** | **61** | **107** | **300** | **310** | **365** | **603** |

## Achomhairc a fuarthas in 2020

Fuair an Coimisiún 1,039 achomharc in 2020, líon a bhí 455 níos lú ná an líon a fuarthas in 2019. Tá athbhreithniú déanta ar gach achomharc agus tá siad á bpróiseáil trí na céimeanna. Tá imlíne ar na hachomhairc a fuarthas agus an candam cánach faoi achomharc in 2020 briste síos mar seo a leanas:

| 2020 Mí | Líon Achomharc a Fuarthas | Candam* €000 |
|---|---|---|
| Ean | 210 | 79,965 |
| Fea | 138 | 7,492 |
| Már | 112 | 23,316 |
| Aib | 84 | 95,336 |
| Bea | 70 | 14,223 |
| Mei | 56 | 19,679 |
| Iúil | 58 | 605,047 |
| Lún | 44 | 1,111 |
| MF | 40 | 27,308 |
| DF | 58 | 23,021 |
| Sam | 65 | 4,513 |
| Noll** | 104 | 652,939 |
| **IOMLÁN** | **1,039** | **1,553,950** |

| Cineál Cánach san Achomharc a fuarthas*** | Líon Achomharc a Fuarthas | % den Iomlán | Candam* €000 |
|---|---|---|---|
| IT | 521 | 50 | 103,263 |
| CBL | 129 | 13 | 46,259 |
| VRT | 140 | 14 | 341 |
| CT | 62 | 6 | 789,638 |
| Eile**** | 72 | 7 | 603,096 |
| CGT | 99 | 9 | 8,364 |
| CAT | 16 | 1 | 2,989 |
| **IOMLÁN** | **1,039** | **100** | **1,553,950** |

* Féach Nóta 1 ar leathanach 15 mar a bhfuil leagtha amach conas a dhéantar an figiúr 'candam faoi dhíospóid' a ríomh.

** Fuarthas sé cinn d'achomhairc sa dá sheachtain dheireanacha de Nollaig 2020 agus bhí aon achomharc a fuarthas mí Iúil 2020 agus ba gheall le timpeall €1.1 billiún an tsuim a bhí i gceist iontu. Sa chás go bhfágfaí na hachomhairc as áireamh na suime don bhliain, ba é €468 milliún figiúr an chandaim a bheadh sna hachomhairc a fuarthas in 2020.

*** Chun críche na hanailíse ar cheannteidill cánach, rinneadh comhaireamh ar achomharc ina bhfuil níos mó ná ceannteideal amháin mar aon achomharc arna chatagóiriú faoina cheannteideal cánach. Tá anailís ar ilchineálacha cánach ar fáil níos déanaí sa chaibidil seo.

**** Áirítear faoi Eile C&E, DIRT, DWT, LPT, RCT agus Dleacht Stampála

## Achomhairc a dúnadh in 2020

Dhún an Coimisiún 1,392 achomharc in 2020, trína socrú, nó socraíocht a dhéanamh, a aistarraingt, a dhiúltú, a chumasc, nó a dhíothú. Seo freisin an dara bliain ar mó an líon achomharc a dhún an Coimisiún ná an líon a fuarthas, rud ba chúis le laghdú 353 ar an líon achomharc a bhí ar láimh i ndeireadh na bliana. Tá imlíne mar a leanas ar na hachomhairc a dúnadh le linn 2020:

| 2020 Mí | Líon Achomharc a Dúnadh | Candam* €000 |
|---|---|---|
| Ean | 113 | 13,496 |
| Fea | 141 | 22,066 |
| Már | 91 | 5,950 |
| Aib | 49 | 2,990 |
| Bea | 82 | 3,518 |
| Mei | 89 | 2,762 |
| Iúil | 139 | 9,627 |
| Lún | 87 | 13,779 |
| MF | 116 | 7,332 |
| DF | 259 | 21,487 |
| Sam | 118 | 109,461 |
| Noll | 108 | 608,027 |
| **IOMLÁN** | **1,392** | **820,495** |

| Cineál Cánach na nAchomharc a Dúnadh** | Líon Achomharc a Dúnadh | % den iomlán | Candam* |
|---|---|---|---|
| IT | 725 | 52 | 46,549 |
| CBL | 195 | 14 | 17,303 |
| VRT | 153 | 11 | 532 |
| CT | 82 | 6 | 127,679 |
| Eile*** | 80 | 6 | 594,505 |
| CGT | 136 | 10 | 30,770 |
| CAT | 21 | 1 | 3,157 |
| **IOMLÁN** | **1,392** | **100** | **820,495** |

| Catagóir/Bliain a Fuarthas | Líon Achomharc a Dúnadh | Candam* |
|---|---|---|
| Iarmharach* | 153 | 52,235 |
| Roimh Bhunú | 25 | 6,808 |
| 2016 | 66 | 13,240 |
| 2017 | 182 | 27,374 |
| 2018 | 201 | 17,449 |
| 2019 | 369 | 106,847 |
| 2020 | 396 | 596,542 |
| **IOMLÁN** | **1,392** | **820,495** |

| Fáth ar Dúnadh Achomharc | Líon Achomharc a Dúnadh | Candam* |
|---|---|---|
| Eisíodh socruithe (171 fíor) | €000 | 609,748 |
| Díothaíodh | 16 | 1,135 |
| Cumaiscthe / comhdhlúite | 6 | 289 |
| Diúltaíodh | 63 | 6,130 |
| Rinneadh socraíocht | 509 | 66,422 |
| Aistarraingthe ag an Achomharcóir | 607 | 136,771 |
| **IOMLÁN** | **1,392** | **820,495** |

* Féach Nóta 1 ar leathanach 15 mar a bhfuil leagtha amach conas a dhéantar an figiúr 'candam faoi dhíospóid' a ríomh.

** Chun críche na hanailíse ar cheannteidill cánach, rinneadh comhaireamh ar achomharc ina bhfuil níos mó ná ceannteideal amháin mar aon achomharc amháin arna chatagóiriú faoina cheannteideal cánach. Tá anailís ar ilchineálacha cánach ar fáil níos déanaí sa chaibidil seo.

*** Áirítear faoi Eile C&E, DIRT, DWT, LPT, RCT agus Dleacht Stampála

## Achomhairc a Liostaíodh le haghaidh éisteachta in 2020

Le linn 2020, sceidealaíodh 229 éisteacht a bhain le 452 achomharc agus candam €1,531m i gceist thar 333 lá. In 2019, sceidealaíodh 224 éisteacht i ndáil le 624 achomharc aonair agus candam €851m i gceist. Idir leath lae agus trí seachtaine a mhair na héisteachtaí.

Tugtar anseo thíos an t-eolas faoin toradh a bhí ar na héisteachtaí a sceidealaíodh:

| Toradh* | 2020 | Candam €000** | 2019 | Candam €000** |
|---|---|---|---|---|
| **Sceidealaíodh ach curtha siar nó aistarraingthe roimh éisteacht** | | | | |
| Socraíocht / Aistarraingíodh roimh éisteacht | 22 | 192,597 | 25 | 348,831 |
| Curtha siar / ar athló roimh éisteacht | 130 | 139,981 | 127 | 350,456 |
| *Fo-iomlán* | *152* | *332,578* | *152* | *699,287* |
| **Chuaigh ar aghaidh** | | | | |
| S949AA –Aistarraingíodh toisc nár tháinig duine i láthair | 3 | 29 | 4 | 65 |
| Rinneadh socraíocht tar éis éisteachta | 6 | 852 | 9 | 14,820 |
| Tosaíodh éisteacht agus cuireadh ar athló é | 17 | 10,619 | 30 | 38,427 |
| Críochnaíodh an éisteacht le haghaidh socrú a dhéanamh | 51 | 1,186,523 | 29 | 98,753 |
| *Fo-Iomlán* | *77* | *1,198,023* | *72* | *152,065* |
| **Iomlán** | **229** | **1,530,601** | **224** | **851,352** |

* Is féidir go bhfuil athrú stádais ó shin ar achomharc m.sh. is féidir go socrófaí achomhairc a chláraítear thuas mar 'críochnaíodh le haghaidh socrú a dhéanamh' i bhfianaise dháta scríofa na tuarasacála seo. Is féidir chomh maith céanna go bhfuil cásanna a cuireadh siar anois ina gcásanna socraithe nó 'críochnaithe le haghaidh socrú a dhéanamh'.

** Féach Nóta 1 ar leathanach 15 mar a bhfuil leagtha amach conas a dhéantar an figiúr 'candam faoi dhíospóid' a ríomh.

Is iomaí cúis a d'fhéadfadh a bheith le héisteacht a chur siar, m.sh. chun spás a thabhairt le haghaidh tuilleadh fianaise a chur isteach nó chun leanúint den éisteacht ar dháta eile mura gcuirtear críoch le cúrsaí an chéad lá den éisteacht. Chomh maith leis sin, ag brath ar dhálaí an cháis, is féidir go gcuirfí éisteachtaí siar fad is a bheifí ag fanacht le toradh ar chás cúirte ba ghá do Choimisinéir a chur san áireamh. Cé gur sceidealaíodh 229 éisteacht in 2020, cuireadh 130 éisteacht siar sula bhféadfaí éisteacht a reáchtáil. Cuireadh 52 éisteacht siar i ngeall ar shrianta Covid-19 agus ar an easpa cumais ag an gCoimisiún cianéisteachtaí a reáchtáil an tráth sin, ach cuireadh é sin ina cheart i Lúnasa 2020. Sceidealaíodh 33 éisteacht go cianda in 2020.

Ainneoin nach rabhthas ábalta éisteachtaí a reáchtáil ar feadh cúig mhí, is beag idir an líon éisteachtaí a cuireadh siar in 2020 agus an líon a cuireadh siar in 2019.

Tugtar anseo thíos eolas faoin gcandam cánach a bhí i gceist, maidir le hachomhairc a sceidealaíodh le haghaidh éisteachta in 2020:

| Toradh** | Catagóir / Bliain a osclaíodh | | | | | | | Iomlán 2020 | Candam* 2020 €000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Iarmh-arach | Roimh Bhunú | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | | |
| **Sceidealaíodh ach curtha siar nó aistarraingthe roimh éisteacht** | | | | | | | | | |
| Socraíocht / Aistarraingíodh roimh éisteacht | 4 | | 8 | 2 | 5 | 3 | | 22 | 192,597 |
| Curtha siar roimh éisteacht | | | | | | | | | |
| - Ag Achomharcóir | 15 | 7 | 7 | 10 | 12 | 4 | | 55 | 52,223 |
| - Ag Ioncam | 8 | 3 | 7 | 2 | 2 | | | 22 | 16,246 |
| - Ag an gCoimisiún | 14 | 4 | 4 | 15 | 11 | 5 | | 53 | 71,512 |
| *Fo-iomlán* | *41* | *14* | *26* | *29* | *30* | *12* | | *152* | *332,578* |
| **Chuaigh ar aghaidh **** | | | | | | | | | |
| Socraíocht tar éis éisteachta | 1 | | 2 | 2 | | 1 | | 6 | 852 |
| S949AA – Aistarraingíodh toisc nár tháinig duine i láthair | | | 1 | 2 | | | | 3 | 29 |
| Tosaíodh éisteacht agus cuireadh ar athló é | 4 | 3 | 2 | 3 | 2 | 3 | | 17 | 10,619 |
| Críochnaíodh an éisteacht le haghaidh socrú a dhéanamh | 6 | 5 | 5 | 16 | 12 | 6 | 1 | 51 | 1,186,523 |
| *Fo-iomlán* | *11* | *8* | *10* | *23* | *14* | *10* | *1* | *77* | *1,198,023* |
| **Iomlán** | **52** | **22** | **36** | **52** | **44** | **22** | **1** | **229** | **1,530,601** |

* Féach Nóta 1 ar leathanach 15 mar a bhfuil leagtha amach conas a dhéantar an figiúr 'candam faoi dhíospóid' a ríomh.

** Is féidir go bhfuil athrú stádais ó shin ar achomharc m.sh. is féidir go socrófaí achomhairc a chláraítear thuas mar 'críochnaíodh le haghaidh socrú a dhéanamh' i bhfianaise dháta scríofa na tuarasacála seo. Is féidir anailís a fháil ar ilchineálacha cánach níos deireanaí sa chaibidil seo.

## Socruithe a Eisíodh

Tá i gCuid 40A, Caibidil 5 den TCA 1997 forálacha maidir le fógra agus foilsiú socruithe de chuid an Choimisiúin. Cuireann Alt 949AO de cheangal ar na Coimisinéirí Achomhairc tuairisc a fhoilsiú ar a socruithe ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin tráth nach déanaí ná 90 lá tar éis gur cuireadh an socrú in iúl do na páirtithe. Tá mionsonraí faoi gach socrú a eisíodh in 2020 agus an tréimhse ábhartha foilsithe leagtha amach thíos.

| Líon socruithe a eisíodh in 2020 | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Líon Achomharc a Socraíodh | | | Líon achomharc lenar bhain | | |
| | 2020 | 2019 | 2018 | 2020 | 2019 | 2018 |
| Socruithe a eisíodh gan gá le héisteacht (s. 949U) | 101 | 48 | 17 | 105 | 49 | 17 |
| Socruithe a eisíodh maidir le hachomhairc a éisteadh in 2020 | 43 | | | 53 | | |
| Socruithe a eisíodh maidir le hachomhairc a éisteadh in 2019* | 12 | 16 | | 16 | 21 | |
| Socruithe a eisíodh maidir le hachomhairc a éisteadh in 2018 | 11 | 3 | 18 | 13 | 4 | 18 |
| Socruithe a eisíodh maidir le hachomhairc a éisteadh in 2017 | 3 | 41 | 3 | 3 | 42 | 5 |
| Socruithe a eisíodh maidir le hachomhairc a éisteadh in 2016 | 1 | 3 | 4 | 1 | 3 | 4 |
| **IOMLÁN** | **171** | **111** | **42** | **191** | **119** | **44** |

* Bhí socrú amháin a eisíodh in 2019 agus baint aige le 32 achomharc aonair. De réir na reachtaíochta, eisíodh 32 de shocruithe éagsúla.

Ní léir ón tábla thuas na castachtaí a bhain le gach achomharc ná an t-am a bhí de dhíth chun é a éisteacht agus a shocrú. Chun dícheall éifeachta agus úsáide a bhaint as acmhainní an Choimisiúin, déantar CBCanna a sceidealú sa chás gur dócha go mbeidís mar chuidiú agus achomharc á chur chun cinn. Sa chás gur cuí, moltar go mbainfeadh na páirtithe feidhm as alt 949U maidir le socrú a aimsiú gan éisteacht.

Tugann an tábla seo thíos eolas faoin gcandam cánach a bhí faoi dhíospóid maidir le socruithe a rinneadh in 2020 agus an catagóir/bliain a bhfuair an Coimisiún an t-achomharc:

| | Catagóir / Bliain a fuarthas | | | | | | | Iom-lán 2020 | Candam* 2020 €000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Iarmh-arach | Roimh Bhunú | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | | |
| Socruithe a eisíodh gan gá le héisteacht (s. 949U) | 1 | | 4 | 21 | 33 | 36 | 6 | 101 | 648 |
| Socruithe a eisíodh maidir le hachomhairc a éisteadh in 2020 | 6 | 5 | 5 | 11 | 8 | 7 | 1 | 43 | 598,666 |
| Socruithe a eisíodh maidir le hachomhairc a éisteadh in 2019 | 4 | 2 | 1 | 2 | 3 | | | 12 | 3,175 |
| Socruithe a eisíodh maidir le hachomhairc a éisteadh in 2018 | | 2 | 4 | 3 | 2 | | | 11 | 2,094 |
| Socruithe a eisíodh maidir le hachomhairc a éisteadh in 2017 | | 2 | | 1 | | | | 3 | 5,139 |
| Socruithe a eisíodh maidir le hachomhairc a éisteadh in 2016 | | 1 | | | | | | 1 | 26 |
| **Iomlán** | **11** | **12** | **14** | **38** | **46** | **43** | **7** | **171** | **609,748** |

* Féach Nóta 1 ar leathanach 15 mar a bhfuil leagtha amach conas a dhéantar an figiúr 'candam faoi dhíospóid' a ríomh.

| Achoimre ar Shocruithe a eisíodh in 2020 de réir cineál cánach* | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | 2020 | | 2019 | |
| | Líon Achomharc a Socraíodh | Candam** €000 | Líon Achomharc a Socraíodh | Candam** €000 |
| IT | 82 | 4,701 | 67 | 14,670 |
| CBL | 14 | 554 | 10 | 21,493 |
| VRT | 53 | 273 | 30 | 138 |
| CT | 6 | 1,833 | 4 | 6,562 |
| Eile*** | 16 | 590,543 | 6 | 16,521 |
| CGT | 15 | 10,313 | 1 | 21 |
| CAT | 5 | 1,531 | 1 | 37 |
| **IOMLÁN** | **191** | **609,748** | **119** | **59,442** |

* Chun críche na hanailíse ar cheannteidill cánach, rinneadh comhaireamh ar achomharc ina bhfuil níos mó ná ceannteideal amháin mar aon achomharc arna chatagóiriú faoina cheannteideal cánach. Tá anailís ar ilchineálacha cánach ar fáil níos déanaí sa chaibidil seo.

** Féach Nóta 1 ar leathanach 15 mar a bhfuil leagtha amach conas a dhéantar an figiúr 'candam faoi dhíospóid' a ríomh.

*** Áirítear faoi Eile RCT, LPT, C&E, DIRT, PSWT, Dleacht Stampa agus DWT.

| Fáth ar dúnadh an t-achomharc | Líon Achomharc a Dúnadh | Candam* €000 |
|---|---|---|
| *Eisíodh socruithe (171 fíor)* | 191 | 609,748 |
| Díothaíodh | 16 | 1,135 |
| Cumaiscthe / comhdhlúite | 6 | 289 |
| Diúltaíodh | 63 | 6,130 |
| Rinneadh socraíocht | 509 | 66,422 |
| Aistarraingthe ag an Achomharcóir | 607 | 136,771 |
| **IOMLÁN** | **1,392** | **820,495** |

* Féach Nóta 1 ar leathanach 15 mar a bhfuil leagtha amach conas a dhéantar an figiúr 'candam faoi dhíospóid' a ríomh.



## Comhdhálacha Bainistithe Cásanna in 2020

Le linn 2020, sceidealaíodh 187 CBC a bhain le 313 achomharc, agus €594m a suim. Mhair na CBCanna idir níos lú ná uair n chloig agus dhá lá; ní dheachaigh a mbunús thar aon lá amháin. Fuarthas go raibh buntáiste le CBCanna go háirithe maidir le sean-achomhairc a chur chun cinn nó in achomhairc ina rabhthas i sáinn.

Is féidir plé lena leithéidí seo a leanas ag CBC:

- soiléiriú a dhéanamh faoi na saincheisteanna idir na páirtithe agus teacht ar réimsí inar féidir teacht ar chomhaontú:
- teacht ar aon ábhar breise scríofa ba ghá do cheachtar den dá pháirtí a sholáthar roimh an éisteacht;
- an t-am a shocrú ba riachtanach don dá pháirtí ábhair bhreise scríofa a réiteach a bheidh de dhíth don éisteacht;
- a dhéanamh amach cé acu a bheadh sé úsáideach roimhré, nó nach mbeadh, cur síos comhaontaithe i scríbhinn ar fhíricí an cháis, nó aon chur chuige comhaontaithe eile maidir le fianaise scríofa nó argóintí dlíthiúla a thabhairt le chéile a bheidh le cur faoi bhráid na héisteachta;
- a chinntiú gur comhlíonadh gach treoir a thug na Coimisinéirí Achomhairc san achomharc;
- a dhéanamh amach an bhfuil aon chéim eile le tógáil roimh an éisteacht, anuas ar an ábhar scríofa a sholáthar;
- soiléiriú a thabhairt faoin am a bheidh de dhíth don éisteacht;
- teacht ar am agus ar dháta oiriúnach don éisteacht a mbeidh gach páirtí faoina réir;
- plé le haon saincheisteanna tosaigh.

Tugtar thíos eolas faoi thoradh na CBCanna a sceidealaíodh in 2020:

| | Líon CBCanna a reáchtáladh | | Líon Achomharc lenar bhain | |
|---|---|---|---|---|
| Toradh | 2020 | 2019 | 2020 | 2019 |
| **Sceidealaíodh ach curtha siar roimh CBC** | | | | |
| Socraíocht / Aistarraingíodh roimh CBC | 10 | 2 | 16 | 2 |
| Ar athló roimh CBC | 70 | 14 | 97 | 16 |
| *Fo-iomlán* | *80* | *16* | *113* | *18* |
| **Chuaigh ar aghaidh** | | | | |
| Socraíocht / Aistarraingíodh tar éis CBC | 5 | 1 | 8 | 1 |
| Díothaíodh | 14 | | 15 | |
| Socrú le teacht gan gá le héisteacht a reáchtáil | 2 | 1 | 3 | 4 |
| CBC le hathsceidealú | 24 | 2 | 80 | 2 |
| Éisteacht le sceidealú | 40 | 5 | 71 | 22 |
| Ag dul ar aghaidh | 22 | 14 | 23 | 18 |
| *Fo-iomlán* | *107* | *23* | *200* | *47* |
| **IOMLÁN** | **187** | **39** | **313** | **65** |

Ainneoin gur sceidealaíodh 187 CBC in 2020, cuireadh 11 CBC siar i ngeall ar shrianta Covid-19 agus an easpa cumais ag an gCoimisiún CBCanna a reáchtáil go cianda san am sin, ach cuireadh sin ina cheart i Lúnasa 2020. Rinneadh 144 CBC a sceidealú go cianda in 2020. I ngeall ar an líon babhtaí a cuireadh siar, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar a chuid gnásanna maidir le CBCanna a sceidealú agus rinne na bearta a leanas:

- Tugann an Coimisiún fógraí anois faoi CBCanna idir trí mhí agus sé mhí roimh ré, sa chaoi má chuirtear aon ní siar, go mbeidh dóthain ama ann chun CBC eile a sceidealú nó éisteacht achomhairc a reáchtáil i leaba an CBC a cuireadh siar.
- Mhéadaigh an Coimisiún an líon CBCanna a sceidealaíodh le haghaidh éisteachta agus an t-ionchas ann go gcuirfear babhtaí siar i gcás cuid de na CBCanna sin.

Tugann an tábla a leanas eolas faoin gcatagóir/bliain inar sceidealaigh an Coimisiún CBC in 2020:

| Toradh* | Catagóir/Bliain a Fuarthas | | | | | | Iomlán 2020 | Candam** 2020 €000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Iarmh-arach | Roimh Bhunú | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | | |
| Socraíocht / Aistarraingíodh roimh CBC | 5 | 1 | 1 | 2 | 1 | | 10 | 1,926 |
| Ar athló roimh éisteacht | 26 | 19 | 7 | 3 | 6 | 9 | 70 | 456,123 |
| *Fo-iomlán* | *31* | *20* | *8* | *5* | *7* | *9* | *80* | *458,049* |
| Socraíocht / Aistarraingíodh tar éis CBC | 2 | 3 | | | | | 5 | 2,305 |
| Díothaíodh | 6 | 2 | 3 | 2 | | 1 | 14 | 3,939 |
| Socrú le teacht gan gá le héisteacht a reáchtáil | | | | 1 | 1 | | 2 | 142 |
| CBC le hathsceidealú | 15 | 3 | 2 | | 1 | 3 | 24 | 65,127 |
| Éisteacht le sceidealú | 18 | 6 | 5 | 3 | 5 | 3 | 40 | 61,270 |
| Ag dul ar aghaidh | 5 | 9 | 5 | 1 | 1 | 1 | 22 | 3,294 |
| *Fo-iomlán* | *46* | *23* | *15* | *7* | *8* | *8* | *107* | *136,077* |
| **IOMLÁN** | **77** | **43** | **23** | **12** | **15** | **17** | **187** | **594,126** |

* Is féidir go bhfuil athrú stádais ó shin ar achomharc m.sh. is féidir go socrófar achomhairc a chláraítear thuas mar 'críochnaíodh le haghaidh socrú a dhéanamh' i bhfianaise dháta scríofa na tuarasacála seo.

** Féach Nóta 1 ar leathanach 15 mar a bhfuil leagtha amach conas a dhéantar an figiúr 'candam faoi dhíospóid' a ríomh.

## Dul chun cinn a Rinneadh ar Achomhairc in 2020

Chomh maith leis an 1,392 achomharc a dhúnadh, rinne an Coimisiún na nithe seo a leanas:

- D'eisigh 765 iarratas ar ráiteas cáis ó Achomharcóirí maidir le 591 achomharc aonair agus 611 iarratas ó na Coimisinéirí Ioncaim/CAB, maidir le 558 achomharc aonair.
- D'eisigh 128 iarratas ar imlíne argóintí ón Achomharcóir maidir le 107 achomharc aonair agus 103 iarratas ón Ioncam, maidir le 94 achomharc aonair.
- D'iarr breis eolais 832 uair, maidir le 676 achomharc.
- Cheadaigh 931 iarratas (ó na Coimisinéirí Ioncaim nó ó Achomharcóirí) le haghaidh síneadh ama chun comhlíonadh a dhéanamh ar threoir ón gCoimisiún, maidir le 631 achomharc.
- Cheadaigh bac sealadach ar chúrsaí 361 uair, maidir le 351 achomharc.
- Reáchtáil 187 CBC maidir le 313 achomharc.
- Liostaigh 229 achomharc maidir le 452 achomharc.
- D'eisigh 171 socrú maidir le 191 achomharc.

| Comhfhreagras a d'eisigh an Coimisiún i gcur chun cinn achomharc in 2020 | | | |
|---|---|---|---|
| | Achomh-arcóir | Ioncam | Iomlán |
| Líon Síntí Ama a Tugadh* | 567 | 364 | 931 |
| Líon Iarratas ar Eolas Breise* | 579 | 253 | 832 |
| Líon Iarratas ar Bhac (Sealadach) a Ceadaíodh* | 335 | 26 | 361 |
| Líon Ráiteas Cáis a Iarradh | 765 | 611 | 1,376 |
| An Líon Imlínte Argóna a Iarradh | 128 | 103 | 231 |

* Bhí líon áirithe iarratas a eisíodh in 2020 bainteach le hachomhairc a aithníodh mar chuid de ghrúpaí achomharc ina bhfuil saincheist(eanna) faoi dhíospóid atá comhchosúil. Dá bharr sin is mó i bhfad an líon iarratas ná an líon a eisíodh in 2019.

Tugtar thíos staid an lín achomharc atá ar láimh ag deireadh na bliana:

| Catagóir | Líon achomharc ar láimh | | Difear |
|---|---|---|---|
| | Deireadh 2020* | Deireadh 2019 | |
| Iarmharach | 372 | 525 | (153) |
| Roimh Bhunú | 73 | 98 | (25) |
| 2016 | 126 | 192 | (66) |
| 2017 | 696 | 878 | (182) |
| 2018 | 641 | 842 | (201) |
| 2019 | 470 | 839 | (369) |
| 2020 | 643 | | 643 |
| **IOMLÁN** | **3,021** | **3,374** | **(353)** |

* Rinne an tARCC athbhreithniú in 2020 ar gach achomharc a osclaíodh agus a dúnadh ar an gCóras Bainistithe Cásanna ón 21 Márta 2016. Rinneadh athbhreithniú aonair ar gach uile achomharc. Rinneadh anailís ar aon mhíréir nó aon dúbailt agus leasaíodh iad dá réir, rud is cúis le difear beag idir na figiúirí thuas agus an Tuarascáil Bhliantúil 2019.

## Achomhairc – Príomhchineálacha Cánach

Is iomaí achomharc ina bhfuil níos mó ná cineál amháin cánach nó cineál amháin creidmheasa, asbhainte, faoisimh nó díolúine. Tugtar sa tábla thíos eolas faoi na príomhchineálacha cánach faoi dhíospóid thar na hachomhairc a osclaíodh agus a dúnadh in 2020.

| Príomhchineál cánach nó Saincheist in Achomhairc a Osclaíodh / Dúnadh in 2020 | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Cineál Cánach*** | **Líon Achomharc a Fuarthas** | **Candam** €000** | **Líon Achomharc a Dúnadh** | **Candam** €000** |
| IT | 521 | 103,263 | 725 | 46,549 |
| CBL | 129 | 46,259 | 195 | 17,303 |
| VRT | 140 | 341 | 153 | 532 |
| CT | 62 | 789,638 | 82 | 127,679 |
| Eile*** | 72 | 603,096 | 80 | 594,505 |
| CGT | 99 | 8,364 | 136 | 30,770 |
| CAT | 16 | 2,989 | 21 | 3,157 |
| **IOMLÁN******** | **1,039** | **1,553,950** | **1,392** | **820,495** |

* Chun críche na hanailíse ar cheannteidill cánach, rinneadh comhaireamh ar achomharc ina bhfuil níos mó ná ceannteideal amháin mar aon achomharc arna chatagóiriú faoina cheannteideal cánach. Tá anailís ar ilchineálacha cánach ar fáil níos déanaí sa chaibidil seo.

** Féach Nóta 1 ar leathanach 15 mar a bhfuil leagtha amach conas a dhéantar an figiúr 'candam faoi dhíospóid' a ríomh.

*** Áirítear faoi Eile RCT, LPT, C&E, DIRT, PSWT, Dleacht Stampála agus DWT.

**** Fuarthas sé achomharc sa dá sheachtain dheireanacha de mhí na Nollag 2020 agus aon achomharc i mí Iúil 2020 agus ba €1.1 billiún a suim. Dá bhfágfaí na hachomhairc sin as áireamh an iomláin don bhliain, is é €468 milliún an figiúr candaim d'achomhairc a fuarthas in 2020.

Le linn 2020, ba í an cháin ioncaim an cineál cánach is mó ar iarradh achomharc fúithi, agus ab ábhar do 50% de na hachomhairc a fuarthas. An CBL, VRT agus CGT ab ábhar do 36% eile de na hachomhairc atá ar láimh.

Bhí laghdú 50% ar an líon achomharc ar cháin ioncaim a fuair an Coimisiún in 2020. Is lú faoi thart ar 10% an toirt atá le ceannteidil cánach na n-achomharc a fuarthas in 2020.

In 2020, fuair an Coimisiún 95 achomharc a thagair don ÍMAT, PRSI nó USC. B'ionann a n-iomlán seo agus 9% de na hachomhairc ar fad a fuarthas in 2020. Cé go mbaineann cuid de na hachomhairc seo le cúrsaí ar féidir achomharc a lorg fúthu, bhí cinn eile ann a bhain le dliteanas ar cháin seachas le hachomharc ar mheasúnuithe nó ar shocruithe cánach. Is fearr a thugtar faoi iarratais den chineál sin trí sheirbhísí custaiméara na gCoimisinéirí Ioncaim féin.

Tugann an tábla thíos imlíne ar na ceithre chineál cánach is mó ar tagraíodh dóibh in achomhairc ón 21 Márta 2016. I ngeall ar an méadú ar an líon achomharc a fuarthas tar éis 2016 bhí méadú ar an líon achomharc faoi na ceithre phríomhchineál ceannteideal cánach agus faoi gach ceannteideal cánach eile.

| Na Ceithre Chineál Cánach is mó tagairt in achomhairc ó 2016* | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Líon Achomharc a Fuarthas (sa bhliain)** | **Líon Iomlán Achomharc a Fuarthas** | **IT** | **CBL** | **VRT** | **CT** |
| 2016 | 901 | 472 | 87 | 104 | 52 |
| 2017 | 1,747 | 1,114 | 141 | 129 | 125 |
| 2018 | 1,689 | 906 | 196 | 205 | 131 |
| 2019 | 1,494 | 630 | 311 | 182 | 90 |
| 2020 | 1,039 | 521 | 129 | 140 | 62 |

* Chun críche na hanailíse ar cheannteidill cánach, rinneadh comhaireamh ar achomharc ina bhfuil níos mó ná ceannteideal amháin mar aon achomharc arna chatagóiriú faoina cheannteideal cánach. Tá anailís ar ilchineálacha cánach ar fáil níos déanaí sa chaibidil seo.

Tugann an tábla thíos breac-chuntas ar na príomhchineálacha cánach a bhí faoi dhíospóid thar na hachomhairc a osclaíodh agus a dúnadh ó bunaíodh an Coimisiún in 2016:

| Príomhchineálacha Cánach in Achomhairc a Osclaíodh / Dúnadh ó 2016* | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Iomlán** | **IT** | **CT** | **CGT** | **CBL** | **CAT** | **VRT** | **Eile**** |
| **2016** | | | | | | | | |
| Achomhairc a Glacadh | 2,357 | 1,496 | 139 | 225 | 174 | 57 | 111 | 155 |
| Achomhairc a Dúnadh | (206) | (102) | (14) | (7) | (9) | (6) | (31) | (37) |
| **Iarmhéid Dhúnta** | **2,151** | **1,394** | **125** | **218** | **165** | **51** | **80** | **118** |
| **2017** | | | | | | | | |
| Achomhairc a Glacadh | 1,747 | 1,114 | 125 | 97 | 141 | 35 | 129 | 106 |
| Achomhairc a Dúnadh | (689) | (408) | (44) | (72) | (55) | (11) | (48) | (51) |
| **Iarmhéid Dhúnta** | **3,209** | **2,100** | **206** | **243** | **251** | **75** | **161** | **173** |
| **2018** | | | | | | | | |
| Achomhairc a Glacadh | 1,689 | 906 | 131 | 99 | 196 | 40 | 205 | 112 |
| Achomhairc a Dúnadh | (1,439) | (822) | (95) | (93) | (109) | (34) | (169) | (117) |
| **Iarmhéid Dhúnta** | **3,459** | **2,184** | **242** | **249** | **338** | **81** | **197** | **168** |
| **2019** | | | | | | | | |
| Achomhairc a Glacadh | 1,494 | 630 | 90 | 81 | 311 | 51 | 182 | 149 |
| Achomhairc a Dúnadh | (1,579) | (773) | (78) | (146) | (255) | (36) | (174) | (117) |
| **Iarmhéid Dhúnta** | **3,374** | **2,041** | **254** | **184** | **394** | **96** | **205** | **200** |
| **2020** | | | | | | | | |
| Achomhairc a Glacadh | 1,039 | 521 | 62 | 99 | 129 | 16 | 140 | 72 |
| Achomhairc a Dúnadh | (1,392) | (725) | (82) | (136) | (195) | (21) | (153) | (80) |
| **Iarmhéid Dhúnta** | **3,021** | **1,837** | **234** | **147** | **328** | **91** | **192** | **192** |

* Chun críche na hanailíse ar cheannteidill cánach, rinneadh comhaireamh ar achomharc ina bhfuil níos mó ná ceannteideal amháin mar aon achomharc arna chatagóiriú faoina cheannteideal cánach. Tá anailís ar ilchineálacha cánach ar fáil níos déanaí sa chaibidil seo.

Rinne an tARCC athbhreithniú in 2020 ar gach achomharc a osclaíodh agus a dúnadh ar an gCóras Bainistithe Cásanna ón 21 Márta 2016. Rinneadh athbhreithniú aonair ar gach uile achomharc. Rinneadh anailís ar aon mhíréir nó aon dúbailt agus leasaíodh iad dá réir, rud is cúis le difear beag idir na figiúirí thuas agus Tuarascáil Bhliantúil 2019.

** Áirítear faoi Eile RCT, LPT, C&E, DIRT, PSWT, Dleacht Stampála agus DWT.

Leagann an tábla thíos amach na figiúirí candaim in aghaidh an cheannteidil chánach maidir le hachomhairc a fuarthas agus a dúnadh ó bunaíodh an Coimisiún in 2016:

| Príomhchineálacha Cánach in Achomhairc a Osclaíodh / Dúnadh ó 2016 de réir candaim* | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Iomlán** | **IT** | **CT** | **CGT** | **CBL** | **CAT** | **VRT** | **Eile**** |
| | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** |
| **2016** | | | | | | | | |
| Achomhairc a Glacadh | 1,490.56 | 496.45 | 511.23 | 224.53 | 97.98 | 67.35 | 0.17 | 92.86 |
| Achomhairc a Dúnadh | (11.00) | (7.85) | (0.13) | (0.15) | (0.27) | (0.28) | (0.06) | (2.25) |
| **Iarmhéid Dhúnta** | **1,479.56** | **488.59** | **511.10** | **224.38** | **97.71** | **67.07** | **0.11** | **90.60** |
| **2017** | | | | | | | | |
| Achomhairc a Glacadh | 847.55 | 81.12 | 605.60 | 22.44 | 118.37 | 6.92 | 0.50 | 12.60 |
| Achomhairc a Dúnadh | (238.62) | (33.49) | (147.60) | (44.63) | (9.89) | (1.34) | (0.13) | (1.53) |
| **Iarmhéid Dhúnta** | **2,088.49** | **536.22** | **969.09** | **202.19** | **206.19** | **72.65** | **0.48** | **101.67** |
| **2018** | | | | | | | | |
| Achomhairc a Glacadh | 2,532.29 | 91.77 | 2,333.75 | 17.11 | 71.11 | 9.62 | 1.82 | 7.11 |
| Achomhairc a Dúnadh | (569.35) | (264.13) | (188.55) | (18.65) | (23.11) | (64.09) | (0.37) | (10.44) |
| **Iarmhéid Dhúnta** | **4,051.44** | **363.86** | **3,114.30** | **200.66** | **254.19** | **18.17** | **1.92** | **98.34** |
| **2019** | | | | | | | | |
| Achomhairc a Glacadh | 379.36 | 44.73 | 263.45 | 10.56 | 30.17 | 13.71 | 0.45 | 16.29 |
| Achomhairc a Dúnadh | (664.26) | (117.09) | (362.69) | (81.74) | (80.48) | (3.17) | (0.41) | (18.68) |
| **Iarmhéid Dhúnta** | **3,766.54** | **291.51** | **3,015.05** | **129.47** | **203.87** | **28.71** | **1.96** | **95.95** |
| **2020** | | | | | | | | |
| Achomhairc a Glacadh*** | 1,553.95 | 103.26 | 789.64 | 8.36 | 46.26 | 2.99 | 0.34 | 603.10 |
| Achomhairc a Dúnadh | (820.50) | (46.55) | (127.68) | (30.77) | (17.30) | (3.16) | (0.53) | |
| **Iarmhéid Dhúnta** | **4,499.99** | **348.22** | **3,677.01** | **107.07** | **232.83** | **28.54** | **1.77** | **104.55** |

* Féach Nóta 1 ar leathanach 15 mar a bhfuil leagtha amach conas a dhéantar an figiúr 'candam faoi dhíospóid' a ríomh.

Chun críche na hanailíse ar cheannteidill cánach, rinneadh comhaireamh ar achomharc ina bhfuil níos mó ná ceannteideal amháin mar aon achomharc arna chatagóiriú faoina cheannteideal cánach.

Rinne an tARCC athbhreithniú in 2020 ar gach achomharc a osclaíodh agus a dúnadh ar an gCóras Bainistithe Cásanna ón 21 Márta 2016. Rinneadh athbhreithniú aonair ar gach uile achomharc. Rinneadh anailís ar aon mhíréir nó aon dúbailt agus leasaíodh iad dá réir, rud is cúis le difear beag idir na figiúirí thuas agus Tuarascáil Bhliantúil 2019.

** Áirítear faoi Eile RCT, LPT, C&E, DIRT, PSWT, Dleacht Stampála agus DWT.

*** Fuarthas sé cinn d'achomhairc sa dá sheachtain dheireanacha de mhí na Nollag 2020 agus achomharc amháin i mí Iúil 2020 agus suim timpeall €1.1 billiún i gceist iontu. Dá bhfágfaí na hachomhairc sin as áireamh an iomláin don bhliain, ba é €468 milliún an figiúr candaim iomlán do na hachomhairc a fuarthas in 2020.

## Ilchineálacha Cánach

Léiríonn an tábla thíos an líon iomlán achomharc a phróiseáil an Coimisiún thar cheithre chatagóir achomhairc (achomhairc 2016, 2017, 2018, 2019 agus 2020) inar mó ná cineál amháin cánach an líon a bhí faoi achomharc.

| Líon Achomharc le hIlchineálacha Cánach ó 21 Márta 2016 | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Líon cineálacha cánach** | **2020** | **2019** | **2018** | **2017** | **2016** |
| 2 | 81 | 80 | 89 | 150 | 58 |
| 3 | 27 | 11 | 23 | 41 | 13 |
| 4 | 10 | | 10 | 13 | 2 |
| 5 | 2 | | | 5 | 1 |
| **IOMLÁN** | **120** | **91** | **122** | **209** | **74** |

In 2019 bhain 6.1% de na hachomhairc le hil-cheannteidil chánach. Mhéadaigh an céatadán achomharc il-cheannteideal cánach go 11.55% in 2020. Leagtar amach sa tábla thíos na príomh-ilchineálacha cánach ar tagraíodh dóibh in achomhairc in 2020.

| Achoimre ar Ilchineálacha cánach dar tagraíodh in achomhairc a fuarthas in 2020 | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Cineálacha Cánach** | **Achomhairc a fuarthas le 2 chineál cánach** | **Achomhairc a fuarthas le 3 chineál cánach** | **Achomhairc a fuarthas le 4 chineál cánach** | **Achomhairc a fuarthas le 5 chineál cánach** | **Candam €000*** |
| IT (ÍMAT/PRSI/USC) | 45 | 23 | 9 | 2 | 54,864 |
| IT / CBL | 7 | 1 | | | 432 |
| IT / LPT | 11 | | | | 31 |
| IT / CAT | 1 | | | | 635 |
| CGT / IT / LPT | 6 | | | | 514 |
| CT / IT / Dleacht Stampála | 3 | 1 | 1 | | 3,992 |
| CBL / Iarratas | 2 | | | | 4,848 |
| CBL / VRT / PSWT | 3 | | | | 574 |
| Eile | 3 | 2 | | | 151 |
| **IOMLÁN** | **81** | **27** | **10** | **2** | **66,041** |

* Féach Nóta 1 ar leathanach 15 mar a bhfuil leagtha amach conas a dhéantar an figiúr 'candam faoi dhíospóid' a ríomh

## Cásanna a Sonraíodh

Tá foráil déanta in Alt 949AP den TCA 1997 maidir le páirtí, nach bhfuil sásta le socrú an Choimisiúin ar an mbunús go bhfuil earráid sa socrú maidir le pointe dlí, ceangal a chur ar an gCoimisinéir um Achomhairc cás a shonrú agus a shíniú le cur faoi bhráid na hArd-Chúirte.

Le linn 2020, shínigh na Coimisinéirí 28 cás de bhun alt 949AQ TCA 1997 go bhféadfaí achomhairc a dhéanamh don Ard-Chúirt faoi shocruithe.

| Líon Cásanna Sonraithe a fuarthas de réir Bliain a Osclaíodh agus Catagóir | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Bliain** | **Iomlán** | **Iarmh-arach** | **Roimh Bhunú** | **2016** | **2017** | **2018** | **2019** | **2020** |
| 2016 | 0 | | | | | | | |
| 2017 | 3 | | 1 | 2 | | | | |
| 2018 | 11 | 4 | 5 | | 1 | 1 | | |
| 2019 | 10 | 3 | 3 | 1 | 2 | 1 | | |
| 2020 | 28 | 8 | 6 | 4 | 2 | 6 | 1 | 1 |

Anuas ar an 28 cás sonraíodh a fuarthas in 2020, bhí 31 cás roimh bhunú ar láimh ag an gCoimisiún i dtús 2020, a tugadh sular bunaíodh an Coimisiún. Le linn 2020 shínigh agus shonraigh an Coimisiún cás i dtaca le dhá chás díobh seo. Faoi dheireadh 2020 ní raibh fágtha ar oscailt ach naoi gcás de na cásanna roimh bhunú, agus tá iarrachtaí leanúnacha ar siúl iad seo a chur chun cinn féachaint an bhfuil dúil ag na páirtithe leanúint leo.

Déantar cásanna sonraithe roimh bhunú a phróiseáil ag an gCoimisiún de réir na bhforálacha idirthréimhseacha atá in ailt 29 agus 30 den Acht Airgeadais (Achomhairc Chánach) 2015.

### Bookfinders Ltd v. na Coimisinéirí Ioncaim

Ar an 29 Meán Fómhair rinne an Chúirt Uachtarach in Éirinn socrú maidir le cás *Bookfinders Ltd. v na Coimisinéirí Ioncaim* [2020] IESC 60, agus ba shocrú é a tháinig ó chás a sonraíodh ó Oifig na gCoimisinéirí um Achomharc maidir leis an CBL a gearradh ar bhia gasta áirithe a sholáthair an saincheadúnas Subway in Éirinn. Bhí a chás caillte ag an achomharcóir os comhair an Choimisinéara um Achomhairc, na hArd-Chúirte agus na Cúirte Achomhairc roimh an éisteacht sa Chúirt Uachtarach.

Sa Chúirt Uachtarach dhiúltaigh na cúig bhreitheamh aisíoc CBL do na hAchomharcóirí maidir le tae, caife agus ceapairí millíní feola te, ar an mbunús nach raibh CBL ar ráta 0% dlite ar na táirgí.

Shocraigh an Chúirt gur ráta 13.5% CBL ba chóir a ghearradh ar an tae agus caife te. Anuas air sin, ba chóir léamh scartha a dhéanamh ar na focail bia agus deoch, sa chaoi má dhíoltar ceann amháin gan an ceann eile, go ngearrfaí an ráta 13.5% CBL. Rialaigh an Chúirt nach raibh an

ráta 0% CBL dlite don arán sna ceapairí millíní feola, óir ba mhó an siúcra san arán ná an 10% de mheáchan an phlúir a bheadh san áireamh sa taos.

Is suntasach an cás é maidir le soiléiriú a thabhairt faoin gcur chuige maidir le léiriúchán ar reachtaíocht na cánach. Mhínigh O'Donnell J go soiléir nach bhfuil feidhm leis an gcur chuige cuspóiriúil/teileolaíoch i dtaca le léirmhíniú reachtúil mar atá leagtha amach in Alt 5 den Acht Léiriúcháin 2005, maidir le léiriúchán ar reachtaíocht chánach. San am céanna, níl aon amhras sa bhreithiúnas gur féidir leis an gCúirt breithniú a dhéanamh ar an gcuspóir a bhí leis na forálacha ábhartha reachtaíochta, agus í ag iarraidh rún an Oireachtais a dhéanamh amach.



# Bunús Reachtúil agus Feidhmeanna an Choimisiúin um Achomhairc Chánach

# Bunús Reachtúil agus Feidhmeanna an Choimisiúin um Achomhairc Chánach

Is comhlacht reachtúil neamhspleách é an Coimisiún um Achomhairc Chánach (TAC) a bhfuil an dualgas air próiseas nua-aimseartha éifeachtúil a sholáthar i ndáil le héisteacht agus moltóireacht a dhéanamh ar dhíospóidí cánach, de réir fhorálacha na reachtaíochta ábhartha. Is é an tAcht Airgeadais (Achomhairc Chánach) 2015 ("Acht 2015"), an tAcht Airgeadais (Rialachán Achomharc Cánach agus Réamheolaire) 2019, an tAcht Comhdhlúite Cánacha 1997, mar a leasaíodh, agus reachtaíocht bhainteach, an reachtaíocht atá i gceist.

Tá ceangal ar na Coimisinéirí um Achomhairc, agus iad ag comhlíonadh a ndualgas, a chinntiú go bhfuil na cúrsaí faoina mbráid inrochtana, cothrom agus curtha de láimh chomh tapa agus is féidir.

Rinne an tAcht Airgeadais (Rialachán Achomharc Cánach agus Réamheolaire) 2019 foráil i dtaca le Cathaoirleach a earcú don Choimisiún um Achomhairc Chánach. Ghlac an Cathaoirleach nua lena ceapachán ar an 1 Iúil 2020.

## Uasdátú Reachtúil

Déantar athbhreithniú bliantúil ar shainordú reachtúil an Choimisiúin lena chinntiú go bhfuil a chuid gnásanna éifeachtúil agus éifeachtach maidir le hachomhairc a reáchtáil.

Tháinig athruithe reachtúla san Acht Airgeadais 2020 ("FA 2020") lenar áiríodh an leasú ar alt 949AV TCA 1997 chun síneadh a chur leis an mbunús ar ar féidir leis an gCoimisiún achomharc a dhíothú, chun uaireanta a chur san áireamh nár comhlíonadh treoir ráiteas cáis a chur isteach de réir alt 949Q(1) TCA 1997 agus i gcás nár comhlíonadh treoir imlíne argóintí a chur isteach de réir 949S(1) TCA 1997.

Chomh maith leis sin, tugadh isteach leasú nua in alt 949AW TCA 1997 a dhéanann foráil go bhfuil an ceart go n-éistfí le cás os comhair Coimisinéir Achomharic eile nó an ceart an t-achomharc a shocrú ag Coimisinéir Achomhairc eile, sa chás gur tosaíodh ar éisteacht agus nár críochnaíodh í agus nár tháinig socrú mar gheall ar Choimisinéir Achomhairc imeacht as oifig.

Chomh maith leis sin, san alt nua 949AX TCA 1997 tá foráil déanta sa chás go bhfuil socrú eisithe agus go bhfuil na Coimisinéirí faoi threoir cás a shíniú agus a shonrú don Ard-Chúirt, agus go n-imíonn Coimisinéir Achomhairc as oifig sula ndearnadh an t-iarratas cás a shonrú agus a shíniú don Ard-Chúirt, tabharfaidh Coimisinéir eile fógra scríofa don dá pháirtí a thabharfaidh de rogha dóibh go n-éistfeadh Coimisinéir eile leis an gcás agus go socródh Coimisinéir eile é, nó go gcuirfeadh Coimisinéir eile críoch ar an bpróiseas sonraithe cáis leis an Ard-Chúirt. Mura mbíonn an dá pháirtí ar aon intinn faoi aon rogha díobh sin san fhógra a fuair siad, leanfar den phróiseas sonraithe cáis. Tá foráil déanta gur féidir leis an Ard-Chúirt faoi dhálaí áirithe an t-achomharc a atreorú chuig an gCoimisiún le haghaidh athéisteachta nó gur féidir leis aon ordú eile is cuí leis a dhéanamh.

Tá leasú déanta ar Alt 959AF TCA 1997 sa chaoi anois nach gceadaítear achomharc ar fhorchostas a dhéanfaí ar an mbunús gur íocadh forchostas go déanach, ach amháin sa chás go bhfuil díospóid faoin dáta a cuireadh an tuairisceán isteach nó faoin bhfaisnéis atá laistigh den tuairisceán.

Tá alt nua 960GA TCA 1997 tugtha isteach ina ndícheadaíonn ús a íoc ar aisíoc ar íocaíocht chánach sa chás go bhfuil achomharc curtha isteach, agus go ndéanann an t-achomharcóir bunábhar na díospóide d'íocaíocht i ngeall ar dhliteanas cánach, sa chás go dtiocfaidh an páirtí i dteidlíocht aisíocaíocht chánach de bhun socraithe i ndail le socrú na gCoimisinéirí um Achomhairc atá faoi dhíospóid.

# Rialachas agus Airgeadas Ginearálta

# Rialachas agus Airgeadas Ginearálta

## Rialachas agus Airgeadas Ginearálta

In 2020, tháinig athrú ar struchtúr na heagraíochta. Ar aon dul leis an moladh ó Thuarascáil O'Donoghue ceapadh an chéad Chathaoirleach ar an gCoimisiún. Chomh maith leis an ról mar Choimisinéir Achomhairc, tá freagracht ar an gCathaoirleach as bainistiú éifeachtach riarachán agus ghnó an Choimisiúin. Freagraíonn an Cathaoirleach don Aire Airgeadais maidir lena chinntiú go bhfuil an próiseas achomharc tráthúil, éifeachtúil agus cost-éifeachtach. Chuige sin, ní mór di tuarascáil bhliantúil a chur isteach chuig an Aire tráth nach déanaí ná an 31 Márta gach uile bhliain maidir leis an mbliain roimhe, agus tá an tuarascáil seo á cur isteach leis an dualgas sin a chomhlíonadh.

Nuair a ceapadh an Cathaoirleach rinneadh athbhreithniú ar gach beartas agus gach gnás, agus dréachtaíodh agus eisíodh iad mar ba chuí. I measc na mbeartas a athbhreithníodh bhí Creat Rialachais an Choimisiúin, a bhfuil leagan uasdátaithe de bailchríochnaithe in éineacht le Plean Gnó Bliantúil 2021 agus Tosaíochtaí Corparáideacha 2021.

Foilseofar Ráiteas nua Straitéise sa dara ráithe de 2021.

Is comhlacht de chuid na Seirbhíse Poiblí é an Coimisiún faoi choimirce na Roinne Airgeadais agus mar sin tá sé faoi threoir Chód Caighdeán agus Iompar na Seirbhíse Poiblí maidir lena bhainistiú agus a chuid oibríochtaí.

## Bainistiú Riosca

In 2020, d'eisigh an Coimisiún a Bheartas Bainistithe Riosca. Leagann an beartas seo amach ár gcur chuige maidir leis an mbainistiú riosca agus na róil agus na freagrachtaí atá ag an gCathaoirleach, an Príomhoifigeach Oibríochtaí, Príomhoifigeach Riosca agus Bainisteoirí Foirne. Tugann an Coimisiún feidhm do na próisis atá leagtha amach ina bheartas bainistithe riosca agus coinníonn sé clár riosca de réir threoirlínte na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Áirítear leis seo measúnú cuí a dhéanamh ar phríomhrioscaí an Choimisiúin, ina bhfuil cur síos á dhéanamh ar an riosca agus na bearta nó na straitéisí atá ann leis na rioscaí sin a mhaolú agus a rialú. An riosca ba mhó in 2020 ná an fhreagairt don phaindéim dhomhanda Covid-19 agus tá an fhreagairt sin leagtha amach sa tuarascáil seo.

Déanann Aonad Rialacháin agus Riosca an Choimisiúin monatóireacht agus athbhreithniú ar an gclár riosca agus déantar é a nuashonrú i rith an ama lena chinntiú go bhfuil monatóireacht chuí ar rialuithe agus bainistíocht éifeachtach ar riosca ann. Sainaithníonn an clár na nithe seo a leanas:

- Rialuithe Riosca atá socraithe
- Ráta an riosca
- Gníomh chun rialú an riosca a fheabhsú

## Coiste Iniúchta agus Riosca

Ar aon dul leis an gCaighdeán Rialachais Chorparáidigh don tSeirbhís Phoiblí (2015), bhunaigh an Coimisiún Coiste Iniúchta agus Riosca chun tacú lena bhfreagrachtaí maidir le saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais trí athbhreithniú a dhéanamh ar a chuimsithí atá ráthaíochtaí maidir le riar ar riachtanais ráthaíochtaí an Choimisiúin agus an Phríomhoifigigh Chuntasaíochta, agus athbhreithniú a dhéanamh ar iontaofacht na ráthaíochtaí sin. Tá an Coimisiún buíoch as an am agus as an ionchur luachmhar a bhí acu maidir lena fheabhas a d'éirigh leis an gCoimisiún in 2020.

Seo a leanas na comhaltaí seachtracha neamhspleácha atá ar an gCoiste Iniúchta agus Riosca:

- Stephen McGovern (Cathaoirleach)
- Mary Griffin
- Wendy Kennedy

## Iniúchadh Inmheánach

Gníomhaíocht ráthaíochta agus comhairliúcháin é an t-iniúchadh inmheánach atá neamhspleách, oibiachtúil agus a chuireann faoina choinne luach agus feabhsú a chur le hoibríochtaí an Choimisiúin. An príomhchuspóir a bhíonn le hIniúchadh Inmheánach ná comhairle agus ráthaíocht neamhspleách a chur ar fáil don Oifigeach Cuntasaíochta maidir lena éifeachtaí atá na próisis rialuithe, rialachais agus bainistithe riosca atá socraithe ar fud an Choimisiúin.

Le linn 2020, d'eisigh na hiniúchóirí inmheánacha tuarascálacha maidir leis seo a leanas:

- Athbhreithniú ar a Éifeachtaí atá Córas Rialuithe Inmheánacha an Choimisiúin.

Rinneadh an t-athbhreithniú seo sular cuireadh isteach an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais ('SIFC') chuig na hiniúchóirí seachtracha (Ard-Reachtaire Cuntais agus Ciste) agus is tástáil rialaithe riachtanach é ar a éifeachtaí atá an Creat Ráthaíochta Airgeadais atá socraithe sa Choimisiún. In 2021 déanfaidh na hIniúchóirí Inmheánacha athbhreithniú ar na Rialuithe Inmheánacha go háirithe i bhfianaise na paindéime, agus iniúchadh ar an gCreat Rialachais.

## An tArd-Reachtaire Ciste agus Cuntais (ARCC)

Tar éis iniúchadh eatramhach agus deiridh maidir leis an mbliain dar críoch 31 Nollaig 2019, d'eisigh Oifig an Ard-Reachtaire Cuntais agus Ciste ('ARCC') a dtuairim faoin gCuntas Leithghabhála, an SIFC agus cúrsaí eile ar an 31 Lúnasa 2020.

Bhí an tARCC den tuairim go bhfuil ionadaíocht chóir sna Cuntais Leithghabhála a réitigh an Coimisiún ar Admhálacha agus Caiteachas Vóta 10 – Coimisiún um Achomhairc Chánach don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019. Bhí an tARCC den tuairim go raibh fianaise leordhóthanach chuí faighte acu chun a n-iniúchadh a chur díobh.

Maidir leis an SIFC tá de fhreagracht ar an ARCC tuairisciú maidir leis an bhfaisnéis san SIFC ar bhonn eisceachtúil amháin. Tagann ann don riachtanas sa chás go bhfuil míréir ábhartha idir an fhaisnéis atá sa SIFC agus na Cuntais Leithghabhála, torthaí iniúchadh an ARCC, nó má tá míshonrú ábhartha sa SIFC. I dtuairim a n-iniúchta, don bhliain dar críoch 2019, ní dhearna an tARCC aon tuairisc ar aon mhíshonrú ráitis sa SIFC.

Déanfar iniúchadh an ARCC maidir leis an mbliain dar críoch 31 Nollaig 2020 tar éis an 31 Márta 2021, an spriocdháta le haghaidh na Cuntais Leithghabhála a chur isteach chuig an ARCC don iniúchadh.

## Tuarascáil an ARCC ar an bPróiseas Achomhairc Chánach

Le linn 2020 rinne Oifig an ARCC tuarascáil maidir leis an bPróiseas um Achomhairc Chánach in Éirinn. Díríodh sa tuarascáil ar an tréimhse idir bunú an Choimisiúin in 2016 agus 2019. Scrúdaíodh inti róil an Choimisiúin agus na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le hachomhairc chánach a phróiseáil. Bhí roinnt conclúidí agus moltaí sa tuarascáil maidir le bainistiú an phróisis.

Moladh sa tuarascáil go leagfadh an Coimisiún amach amchláir le haghaidh cásanna achomhairc a chur de agus le haghaidh socruithe a eisiúint tar éis éisteachtaí. Chomhaontaigh an Cathaoirleach leis na moltaí seo agus tá spriocanna curtha i bhfeidhm maidir le cásanna a chur ar aghaidh chuig céim na héisteachta agus tá amchláir leagtha amach le haghaidh socruithe a eisiúint tar éis éisteachtaí lena chinntiú go mbíonn cásanna ag gluaiseacht go héifeachtúil tríd an gcóras achomhairc. Cuireadh seo i bhfeidhm i nDeireadh Fómhair 2020 agus tá feabhsú déanta ar an éifeachtúlacht.

Chomh maith leis sin, moladh sa tuarascáil go ndéanfadh an Coimisiún athbhreithniú ar a riachtanais ar Chóras nua Bainistithe Cásanna (CBC) sula bhfaighfí pacáiste nua agus idir an dá linn go ndéanfaí athbhreithniú ar na gnásanna rialaithe cáilíochta lena chinntiú go bhfuil faisnéis agus taifid cruinn slán. Chomhaontaigh an Cathaoirleach leis na moltaí seo agus tá an próiseas ar siúl chun CBC a athnuachan agus

an sprioc ann córas nua a bheith socraithe faoi dheireadh 2021 nó go luath in 2022, ag brath ar an tsonraíocht a bhainfeadh leis. Tá forbairt déanta ó shin ar bhearta eatramhacha don rialú cáilíochta, agus tá siad sin á suiteáil. Fuarthas bogearraí breise chomh maith ar chóirgo laghdóidís an baol go ndéanfaí earráid sa tras-scríobh nuair a bhítear ag cur cásanna nua ar an CBC reatha.

## Tuarascálacha Alt 21

Chuir an Coimisiún a Thuarascáil Bhliantúil i ndáil le 2019 isteach chuig an Aire Airgeadais i mí an Mhárta 2020, mar chomhlíonadh alt 21(1) d'Acht 2015.

Le linn 2020, ní dhearna an Coimisiún aon tuairisc don Aire Airgeadais de bhun alt 21(5) d'Acht 2015, agus níor iarr an tAire aon tuairisc a chur isteach de bhun alt 21(6) d'Acht 2015.

## Saoráil Faisnéise

Tugann an Coimisiún eolas cuimsitheach ar a shuíomh gréasáin maidir leis an gcomhlíonadh a dhéanamh sé ar reachtaíocht um Shaoráil Faisnéise ('FOI'). Áirítear ann seo scéim fhoilsithe a chuireann lear eolais ar fáil faoin gCoimisiún, a chuid feidhmeanna, agus faoin ábhar a chuireann sé ar fáil go poiblí.

Tá eolas teagmhála an Oifigigh FOI agus mionsonraí maidir le conas iarratas FOI a chur isteach ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.

In 2020, fuair an Coimisiún naoi gcinn d'iarratais FOI faoin reachtaíocht FOI a bhfuil mionsonraí fúthu ar fáil ar an taifead nochta. Rinneadh nuashonrú chomh maith ar a bheartas FOI, atá ar fáil ar a shuíomh gréasáin.

## Cosaint Sonraí

Mar rialaitheoir sonraí, tá Beartas Cosanta Sonraí forbartha ag an gCoimisiún, agus mar is riachtanach faoi Airteagal 37 den RGCS, ceapadh Oifigeach Cosanta Sonraí ('OCS'). Tá bainistiú leanúnach ar siúl ag an OCS ar shocruithe an Choimisiúin lena chinntiú go gcomhlíontar an RGCS. Tá sonraí teagmhála an OCS ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, in éineacht le Beartas Príobháideachais agus sonraí faoi conas Iarratas Duine ar a Shonraí a chur isteach. In 2020 fuair an Coimisiún trí cinn d'iarratais ar shonraí daoine faoin reachtaíocht um Chosaint Sonraí agus d'eisigh Beartas nua um Chosaint Sonraí.

## Nochtadh Faoi Chosaint

Faoi alt 22 den Acht um Nochtadh Faoi Chosaint 2014, tá ceanglas ar gach comhlacht poiblí tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú a leagann amach an líon Nochtadh faoi Chosaint a fuarthas sa bhliain roimhe agus aon bheart a rinneadh mar fhreagairt do Nochtadhe faoi Chosaint a rinneadh.

Ní mór nach mbeidh de thoradh ar an tuarascáil seo go bhféadfaí daoine, a dhéanfadh nochtadh faisnéise, a aithint.

Dearbhaíonn an Coimisiún dá réir gur cuireadh ar an eolas é in 2018 faoi Nochtadh faoi Chosaint a rinneadh leis an Aire Airgeadais i ndáil leis an gCoimisiún agus próisis aosta agus dálaí iarmharacha.

Rinne an Coimisiún comhoibriú leis an bhfiosrúchán seo agus chuir ar fáil gach cáipéis agus rochtain ar gach eolas a bhí ag teastáil.

## Acht um Chomhionannas agus Cearta an Duine

Cuireann an Coimisiún béim faoi leith ar an gceart ar phróisis chothroma agus ar rochtain i ngach gné dá fheidhmíocht, mar atá léirithe leis an áit lárnach atá acu i gcroíluachanna na heagraíochta. Féachann sé lena chinntiú go ndéantar gach gníomh trí phriosma chearta an duine agus an chomhionannais ar fud na heagraíochta d'fhostaithe agus dóibh siúd ar aon a bhíonn i dteagmháil leis an gCoimisiún.

Tá an Coimisiún tiomanta don athbhreithniú leanúnach ar a chuid beartas agus gnásanna lena chinntiú go gcomhlíontar na hoibleagáidí faoi alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um

Chearta an Duine agus Comhionannas 2014.

## Soláthar

Admhaíonn an Coimisiún a chuig oibleagáidí maidir le comhlíonadh a dhéanamh ar bheartais Náisiúnta agus AE in éineacht le luach ar airgead a chur ar fáil. Mar sin de, déantar na próisis airgeadais agus soláthair a oibriú de réir an bheartais agus na rialacha atá leagtha amach i dTreoirlínte Soláthair Phoiblí na Roinne Airgeadais a rialaíonn an ghníomhaíocht soláthair ar fad agus a chinntíonn go gcomhlíontar cuspóirí agus bunphrionsabail na hiomaíochta, an chomhionannais mheasúnaithe agus na trédhearcachta atá mar dhúshraith faoi na rialacha náisiúnta agus AE. Úsáidtear na seirbhísí a chuireann Oifig Soláthair an Rialtais (OSR) ar fáil nuair is cuí, chomh maith leis na creata soláthair atá ann.

Rinne an Coimisiún roinnt gníomhaíochtaí soláthair le linn 2020. Orthu sin bhí soláthar a dhéanamh ar:

- Sheirbhísí dlí
- Bogearraí/Crua-earraí TEF
- Tionscnamh maidir le hUathoibriú na bPróiseas Róbatach

Is é beartas an Choimisiúin teacht i dtír ar aon chreat atá ar fáil go lárnach agus dul i dteagmháil leis an OSR sa chás go bhfuil riachtanais níos sainiúla ann.

## Teicneolaíocht na Faisnéise

Tá roinnt athruithe agus modhanna nua oibre don teicneolaíocht sa Choimisiún; tá roinnt samplaí tugtha thíos:

### Seirbhís 'BTS Desktop'

Tá teagmháil déanta ag an gCoimisiún le hOifig Phríomhoifigeach Eolais an Rialtais ('OGCIO') agus bhog isteach ar a seirbhís 'BTS Desktop' i mí Lúnasa 2020. Is mór an éascaíocht a thugann an bogadh seo chuig an tseirbhís BTS don Choimisiún maidir leis an gcomhoibriú agus leis an táirgiúlacht oibre go ginearálta.

Faoin tseirbhís BTS Desktop cuirfidh an OGCIO tacaíocht don dúshraith bonneagair TEC atá mar thaca do sheirbhísí gnó an Choimisiúin, lena n-áirítear freastalaithe, stóráil, gréasáin rialtais, daingniú imlíneach, seirbhísí comhdhála, scagairí ábhair ghréasáin agus áiseanna cosanta ó víris.

### Deachtú Digiteach

Chuir an Coimisiún bogearraí aitheanta gutha isteach, rud a chabhraigh leis na Coimisinéirí deachtú a dhéanamh ar shocruithe.

### Cian-Éisteachtaí

Bhí ról ceannródaíoch ag an gCoimisiún maidir le héisteachtaí, CBCanna agus idirbheartaíochtaí cianda a chur sa siúl ó tháinig Covid-19. Mar éascaíocht dó seo, thug an Coimisiún seirbhísí nua comhdhála Skype/Pexip VMR (Seomra



cruinnithe fíorúil) isteach agus fuair crua-earraí breise teileachomhdhála, roinnte comhad agus sioncronaithe.

### Foirm Fógra um Achomhairc agus RPA

Rinne an Coimisiún infheistíocht in uathoibriú próiseála róbatach a chruthaigh foirm nua PDF inscríofa don fhógra um achomhairc, a íoslódálann go huathoibríoch an t-eolas ábhartha, osclaíonn comhad agus tugann freagra ar an bhfógra.

### Córas Bainistithe Cásanna

Tá an t-ullmhúchán ar leanúint maidir le CBC nua a thabhairt isteach. Is iad seo na spriocanna atá le córas nua bainistithe cásanna:

- feabhsú a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí do pháirtithe leasmhara;
- uathoibriú a dhéanamh ar chéimeanna breise sa phróiseas achomhairc;
- eolas níos cothroime le dáta a chur ar fáil;
- staidreamh iontaofa tráthúil a chruthú;
- éascú a dhéanamh ar bhainistiú an phróisis achomhairc
- éascú a dhéanamh ar an tuairisciú do pháirtithe leasmhara seachtracha.

Tá beartaithe go gcríochnófar tairiscint, bronnadh, forbairt agus suiteáil an CBC faoin dara ráithe de 2022.

## Maoiniú agus Caiteachas

Déantar cistiú ar an gCoimisiún trí Vóta 10 de na Meastacháin mar a fhaomhann Dáil Éireann iad. Tá na leithdháiltí don Choimisiún méadaithe go suntasach le blianta beaga anuas chun riar ar an gcaiteachas méadaithe a bhí riachtanach do na hacmhainní breise, lena n-áirítear foireann agus córais TEF, a tháinig leis an athchóiriú a rinneadh ar an gcóras achomharc cánach. Ba iad €1.605 milliún, €1.626 milliún, €3.208 milliún and €3.233 milliún faoi seach na leithdháiltí (meastacháin) don Choimisiún.


Leagtar amach sa tábla thíos anailís ar chaiteachas riaracháin an Choimisiúin in 2020.

De réir fhorálacha an Achta um Ard-Reachtaire Ciste agus Cuntais (Leasú) 1993, is é Oifigeach Cuntasaíochta an Choimisiúin atá freagrach as Cuntas Leithghabhála a réiteach agus a chur isteach chuig an Ard-Reachtaire Cuntais agus Ciste do Vóta 10 faoin 31 Márta gach bliain. Tá sé seo déanta maidir le 2020 agus táthar ag meas go bhfoilseoidh an tARCC cuntais iniúchta an Choimisiúin níos déanaí sa bhliain mar chuid dá thuarascáil bhliantúil in 2020 ar chuntais na seirbhísí poiblí.

| | 2020 Soláthar Measta | 2020 Toradh | 2019 Toradh |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Tuarastail agus liúntais (lúide AIA) | 2,466 | 2,181 | 1,407 |
| Taisteal agus cothabháil | 20 | 1 | 2 |
| Oiliúint agus forbairt agus costais ócáideacha | 104 | 205 | 73 |
| Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 14 | 26 | 13 |
| Trealamh oifige agus seirbhísí TEF seachtracha | 384 | 320 | 162 |
| Costais áitribh oifige | 35 | 22 | 23 |
| Comhairleoireacht agus seirbhísí eile | 210 | 196 | 93 |
| **Caiteachas Iomlán** | **3,233** | **2,951** | **1,773** |

# Aguisín

# An Eagraíocht



# Nótaí

# Nótaí

